Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Aibreán 2019
(OR. en)

7759/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0178(COD)**

CODEC 763
EF 119
ECOFIN 331
ENV 332
SUSTDEV 53
PE 123

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, an 25 go dtí an 28 Márta 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic na rapóirtéirí, Bas EICKHOUT (na Glasaigh/SCE, NL) agus Sirpa PIETIKÄINEN (PPE, FI), tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia. Sa tuarascáil sin, bhí 54 leasú (leasuithe 1-54) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir grúpa polaitiúil S&D 11 leasú síos (leasuithe 85 go 95), chuir grúpa polaitiúil PPE dhá leasú síos (leasuithe 55-56), chuir grúpa polaitiúil GUE/NGL 10 leasú síos (leasuithe 96-105), chuir grúpa polaitiúil na nGlasach/SCE 20 leasú síos (leasuithe 58-77), chuir grúpa polaitiúil ENF leasú amháin síos (leasú 109) agus chuir grúpa polaitiúil EFDD leasú amháin síos (leasú 56).

## II. VÓTÁIL

Nuair a caitheadh vóta ar an 28 Márta 2019, ghlac an seisiún iomlánach 61 leasú (leasuithe 2-34, 35 (an chéad chuid), 36, 37, 38 (an chéad chuid), 39, 40, 41, 42 (an chéad chuid), 43, 44, 45 (an chéad chuid), 46-53, 70, 72-75, 80, 89, 105 (an chéad chuid)). Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

**1** Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Márta 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú (COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0353),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa (C8- 0207/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[3]

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia faoi Riail 55 de na Rialacha Nós Imeachta,

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 103.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 24.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A8-0175/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) I Márta 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta i dtaca le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú[25] lena gcuirtear straitéis uaillmhianach, chuimsitheach ar bun maidir le maoiniú inbhuanaithe. Ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta sin is ea sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe, cuimsitheach a bhaint amach. Tá bunú córais aicmithe aontaithe ***le haghaidh*** gníomhaíochtaí ***inbhuanaithe*** ar an mbeart is tábhachtaí agus is práinní a bheartaítear sa Phlean Gníomhaíochta. Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta nach mór tuiscint chomhroinnte ar ***a bhfuil i gceist le 'inbhuanaithe'*** a bheith mar bhonn taca le haistriú sreafaí caipitil i dtreo gníomhaíochtaí atá níos inbhuanaithe ná mar a bhí. Mar chéad chéim, ba cheart treoir shoiléir maidir le gníomhaíochtaí a cháilíonn mar chinn a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil a bheith ina cabhair le hinfheisteoirí a chur ar an eolas faoi na hinfheistíochtaí lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***. ***Féadfar*** tuilleadh treorach a thabhairt ***i gcéim ina dhiaidh sin*** maidir leis na gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí inbhuanaitheachta eile, lena n-áirítear cuspóirí sóisialta. | (6) I Márta 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta i dtaca le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú[25] lena gcuirtear straitéis uaillmhianach, chuimsitheach ar bun maidir le maoiniú inbhuanaithe. Ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta sin is ea sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe, cuimsitheach a bhaint amach. Tá bunú córais aicmithe aontaithe agus ***táscairí chun méid inbhuanaitheachta na*** ngníomhaíochtaí ***a shainaithint*** ar an mbeart is tábhachtaí agus is práinní a bheartaítear sa Phlean Gníomhaíochta. Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta nach mór tuiscint chomhroinnte ***agus iomlánaíoch*** ar ***thionchar na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na n-infheistíochtaí ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní*** a bheith mar bhonn taca le haistriú sreafaí caipitil i dtreo gníomhaíochtaí atá níos inbhuanaithe ná mar a bhí. Mar chéad chéim, ba cheart treoir shoiléir maidir le gníomhaíochtaí a cháilíonn mar chinn a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil a bheith ina cabhair le hinfheisteoirí a chur ar an eolas faoi na hinfheistíochtaí lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ***i gcomhréir leis an méid inbhuanaitheachta a bhaineann leo***. ***I bhfianaise Spriocanna Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe agus na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2017, ba cheart*** tuilleadh treorach maidir leis na gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí inbhuanaitheachta eile, lena n- |

áirítear cuspóirí sóisialta ***agus rialachais***, a fhorbairt ***freisin chun gur féidir Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach***.

[25] COM(2018) 97 final.

[25] COM(2018) 97 final.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Agus aitheantas á thabhairt don phráinne a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ag béim chaol ar an nochtadh do charbón trí shreafaí infheistíochta a atreorú i dtreo spriocanna lena mbaineann rioscaí comhshaoil eile. Is amhlaidh dá réir nach foláir coimircí leormhaithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach ndéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha díobháil do chuspóirí comhshaoil eile, amhail an bhithéagsúlacht agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Teastaíonn faisnéis inchomparáide agus iomlánaíoch ó infheisteoirí maidir le rioscaí comhshaoil agus a dtionchar, chun measúnú a dhéanamh ar a bpunanna atá os cionn an*** |

***nochta do charbón.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) I bhfianaise na práinne i roinnt réimsí atá idirnasctha leis an díghrádú comhshaoil agus le róthomhaltas acmhainní, ní foláir cur chuige córasach a ghlacadh i leith treochtaí diúltacha a bhfuil fás easpónantúil orthu, amhail cailliúint na bithéagsúlachta, róthomhaltas domhanda na n-acmhainní, teacht aníos bagairtí nua lena n-áirítear ceimiceáin ghuaiseacha agus na manglaim díobh, ganntanas cothaitheach, an t-athrú aeráide, ídiú an ózóin, aigéadú na n-aigéan, ídiú fionnuisce, agus athrú ar an gcóras talún. Is amhlaidh dá réir nach foláir bearta a dhéanamh chun súil a chaitheamh chun cinn agus chun bheith in ann chuig na dúshláin atá ag teacht aníos. Mar gheall ar scála na ndúshlán sin, tá gá le cur chuige iomlánaíoch agus uaillmhianach, agus le cur chun feidhme docht phrionsabal an*** |

***réamhchúraim.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Leagtar síos i dTuarascáil Féintionscnamh Pharlaimint na hEorpa maidir le Maoiniú Inbhuanaithe an 29 Bealtaine 2018 gnéithe riachtanacha de tháscairí inbhuanaitheachta agus den tacsanomaíocht mar dhreasacht le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe. Ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú i measc reachtaíocht ábhartha.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Is é a bheidh i gceist leis an dúshlán ná an córas airgeadais ina iomláine a*** |

***bhogadh de réir a chéile chun tacú leis an ngeilleagar agus feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe. Chuige sin, ní mór an t-airgeadas inbhuanaithe a phríomhshruthú, agus ní mór machnamh a dhéanamh ar thionchar na hinbhuanaitheachta i dtaca le táirgí agus seirbhísí airgeadais.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Bealach éifeachtach chun infheistíochtaí príobháideacha ***a chur i dtreo*** gníomhaíochtaí inbhuanaithe is ea táirgí airgeadais a thairiscint lena saothraítear cuspóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le ceanglais náisiúnta maidir le táirgí airgeadais agus bannaí corparáideacha a mhargú mar infheistíochtaí inbhuanaithe, go háirithe ceanglais a leagtar amach chun ligean do na gníomhaithe margaidh ábhartha lipéad náisiúnta a úsáid, dírítear ar mhuinín na n-infheisteoirí a fheabhsú, ar infheictheacht a chruthú agus ar dhul i ngleic le hábhair | (9) Bealach éifeachtach chun infheistíochtaí príobháideacha ***a aistriú de réir a chéile ó*** ghníomhaíochtaí ***a bhfuil tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol go*** gníomhaíochtaí ***atá níos*** inbhuanaithe is ea táirgí airgeadais a thairiscint lena saothraítear cuspóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le ceanglais náisiúnta maidir le táirgí airgeadais***, seirbhísí*** agus bannaí corparáideacha a mhargú mar infheistíochtaí inbhuanaithe***, mar a shainítear sa Rialachán seo***, go háirithe le ceanglais a leagtar amach chun ligean do na gníomhaithe margaidh |

imní faoi "snas glas". Tagraíonn snas glas don chleachtas faoina bhfaightear buntáiste iomaíoch éagórach trí tháirge airgeadais a mhargú mar cheann atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, nuair is amhlaidh i ndáiríre nach gcomhlíonann sé caighdeáin bhunúsacha chomhshaoil. Tá scéimeanna lipéadaithe i bhfeidhm ag roinnt bheag Ballstát faoi láthair. Baineann siad leas as tacsanomaíochtaí éagsúla lena ndéantar aicmiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Mar gheall ar na gealltanais pholaitiúla faoi Chomhaontú Pháras agus ar leibhéal an Aontais, is dócha go gcuirfidh líon méadaitheach Ballstát scéimeanna lipéadaithe ar bun nó go gcuirfidh siad ceanglais eile ar ghníomhaithe margaidh i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna margú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an gcaoi sin, bheadh na Ballstáit ag baint úsáid as a gcuid tacsanomaíochtaí náisiúnta féin chun críocha na hinfheistíochtaí a cháilíonn mar infheistíochtaí inbhuanaithe a chinneadh. Más rud é go bhfuil na ceanglais náisiúnta sin bunaithe ar chritéir éagsúla maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, beidh drogall ar infheisteoirí infheistiú thar theorainneacha, mar gheall ar dheacrachtaí i dtaobh

ábhartha lipéad náisiúnta a úsáid, dírítear ar mhuinín na n-infheisteoirí ***agus a bhfeasacht ar rioscaí*** a fheabhsú, ar infheictheacht a chruthú agus ar dhul i ngleic le hábhair imní faoi “snas glas”. Tagraíonn snas glas don chleachtas faoina bhfaightear buntáiste iomaíoch éagórach trí tháirge airgeadais a mhargú mar cheann atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, nuair is amhlaidh i ndáiríre nach gcomhlíonann sé caighdeáin bhunúsacha chomhshaoil. Tá scéimeanna lipéadaithe i bhfeidhm ag roinnt bheag Ballstát faoi láthair. Baineann siad leas as tacsanomaíochtaí éagsúla lena ndéantar aicmiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Mar gheall ar na gealltanais pholaitiúla faoi Chomhaontú Pháras agus ar leibhéal an Aontais, is dócha go gcuirfidh líon méadaitheach Ballstát scéimeanna lipéadaithe ar bun nó go gcuirfidh siad ceanglais eile ar ghníomhaithe margaidh i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna margú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an gcaoi sin, bheadh na Ballstáit ag baint úsáid as a gcuid tacsanomaíochtaí náisiúnta féin chun críocha na hinfheistíochtaí a cháilíonn mar infheistíochtaí inbhuanaithe a chinneadh. Más rud é go bhfuil na ceanglais náisiúnta sin bunaithe ar chritéir ***agus ar tháscairí*** éagsúla maidir leis na gníomhaíochtaí

comparáid a dhéanamh idir na deiseanna infheistíochta éagsúla. Ina theannta sin, i gcás oibreoirí eacnamaíocha ar mhian leo infheistíocht a mhealladh ó gach cearn den Aontas, bheadh orthu critéir éagsúla a chomhlíonadh sna Ballstáit éagsúla ionas go bhféadfadh a ngníomhaíochtaí cáiliú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha na lipéad éagsúil. ***Dá bhrí sin,*** in éagmais critéir aonfhoirmeacha, ***méadófar*** costais agus ***cruthófar*** dídhreasacht suntasach d'oibreoirí eacnamaíocha, arb ionann é agus bac le rochtain a fháil ar mhargaí caipitil trasteorann i gcás infheistíochtaí inbhuanaithe. Meastar go dtiocfaidh méadú eile ar na bacainní ar an rochtain ar mhargaí caipitil trasteorann chun críocha cistí a thiomsú le haghaidh tionscadail inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart na critéir lena chinneadh ***an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, chun constaicí ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a bhaint agus a chinntiú nach dtiocfaidh siad chun cinn arís amach anseo. Le comhchuibhiú den sórt sin, is fusa a bheidh sé d'oibreoirí eacnamaíocha cistiú a thiomsú dá ngníomhaíochtaí ***glasa*** thar theorainneacha, toisc gur féidir a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur i gcomparáid le critéir aonfhoirmeacha chun

eacnamaíocha a cháilíonn mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, beidh drogall ar infheisteoirí infheistiú thar theorainneacha, mar gheall ar dheacrachtaí i dtaobh comparáid a dhéanamh idir na deiseanna infheistíochta éagsúla. Ina theannta sin, i gcás oibreoirí eacnamaíocha ar mhian leo infheistíocht a mhealladh ó gach cearn den Aontas, bheadh orthu critéir éagsúla a chomhlíonadh sna Ballstáit éagsúla ionas go bhféadfadh a ngníomhaíochtaí cáiliú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha na lipéad éagsúil. In éagmais critéir aonfhoirmeacha ***agus táscairí, treorófar infheistíochtaí díreacha ar bhealach neamhéifeachtach ó thaobh an chomhshaoil de, agus i roinnt cásanna ar bhealach fritorthúil, rud a bheidh ina chúis le spriocanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta neamhghnóthaithe. Dá bhrí sin, de bharr an easnaimh sin, méadófar*** costais agus cruthófar dídhreasacht shuntasach d’oibreoirí eacnamaíocha, arb ionann é agus bac le rochtain a fháil ar mhargaí caipitil trasteorann i gcás infheistíochtaí inbhuanaithe. Meastar go dtiocfaidh méadú eile ar na bacainní ar an rochtain ar mhargaí caipitil trasteorann chun críocha cistí a thiomsú le haghaidh tionscadail inbhuanaithe. Dá bhrí sin, maidir leis na critéir ***agus na táscairí*** lena ndéantar ***méid***

iad a roghnú mar shócmhainní foluiteacha i leith infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Éascófar, dá bhrí sin, infheistíocht a mhealladh thar theorainneacha laistigh den Aontas.

***na hinbhuanaitheachta a bhaineann le*** gníomhaíocht eacnamaíoch a chinneadh, ba cheart iad a chomhchuibhiú ***de réir a chéile*** ar leibhéal an Aontais, chun constaicí ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a bhaint agus a chinntiú nach dtiocfaidh siad chun cinn arís amach anseo. Leis an gcomhchuibhiú sin ***ar fhaisnéis, ar mhéadracht agus ar chritéir,*** is fusa a bheidh sé d'oibreoirí eacnamaíocha cistiú a thiomsú dá ngníomhaíochtaí thar theorainneacha ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, toisc gur féidir a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur i gcomparáid le critéir aonfhoirmeacha ***agus táscairí*** chun iad a roghnú mar shócmhainní foluiteacha i leith infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Éascófar, dá bhrí sin, infheistíocht a mhealladh thar theorainneacha laistigh den ***Aontas***.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Le go mbeidh an tAontas in ann a ghealltanais maidir leis an gcomhshaol*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus maidir leis an aeráid a bhaint amach, is gá infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh. Chun é sin a bhaint amach, is gá pleanáil go fadtéarmach chomh maith le cobhsaíocht rialála agus intuarthacht a bheith ann d'infheisteoirí. Chun creat beartais chomhtháite a ráthú d'infheistíochtaí inbhuanaithe, tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh reachtaíocht an Aontais atá ann cheana ina dúshraith ag forálacha an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Thairis sin, mura ***gcuireann*** rannpháirtithe sa mhargadh ***aon mhíniú ar fáil d'infheisteoirí maidir leis*** an gcaoi a rannchuidíonn na gníomhaíochtaí a ndéanann siad infheistíocht iontu le cuspóirí comhshaoil, nó má úsáideann siad ***coincheapa*** difriúla sa mhíniú a thugann siad ***ar a bhfuil i gceist le*** gníomhaíocht eacnamaíoch ***'inbhuanaithe',*** beidh ualach neamhréireach ar infheisteoirí i dtaobh na | (10) Thairis sin, mura ***nochtann*** rannpháirtithe sa mhargadh an chaoi a rannchuidíonn***, ar bhealach díobhálach nó dearfach,*** na gníomhaíochtaí a ndéanann siad infheistíocht iontu le cuspóirí comhshaoil, nó má úsáideann siad ***méadracht éagsúil nó critéir éagsúla chun an tionchar a mheas*** sa mhíniú a thugann siad ar ***mhéid na hinbhunaitheachta comhshaoil a bhaineann le*** gníomhaíocht |

táirgí airgeadais éagsúla ***sin*** a sheiceáil agus a chur i gcomparáid le chéile. Fuarthas amach go mbíonn drogall ar infheisteoirí infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí airgeadais ***glasa***. Ina theannta sin, bíonn drochéifeachtaí móra ag an easpa muiníne i measc infheisteoirí ar an margadh le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe. Léiríodh chomh maith go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt de bharr rialacha náisiúnta nó tionscnaimh mhargadhbhunaithe arna nglacadh chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin laistigh de theorainneacha náisiúnta. Más rud é go nochtann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an chaoi a gcomhlíontar cuspóirí comhshaoil leis na táirgí airgeadais a mhaíonn siad a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus más rud é, i dtaca le nochtaí den sórt sin, go mbaineann siad leas as critéir choiteanna ar fud an Aontais maidir lena bhfuil i gceist le gníomhaíocht eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cabhróidh sé sin le hinfheisteoirí deiseanna infheistíochta atá ***neamhdhíobhálach*** don chomhshaol a chur i gcomparáid le chéile thar theorainneacha. Is mó an méid muiníne a bheidh ag infheisteoirí agus iad ag infheistiú i dtáirgí airgeadais glasa ar fud an Aontais, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

eacnamaíoch, beidh ualach díréireach ar infheisteoirí i dtaobh na táirgí airgeadais éagsúla sin a sheiceáil agus a chur i gcomparáid le chéile. Fuarthas amach go mbíonn drogall ar infheisteoirí, mar gheall air sin, infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí airgeadais ***inbhuanaithe***. Ina theannta sin, bíonn drochéifeachtaí móra ag an easpa muiníne i measc infheisteoirí ar an margadh le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe. Léiríodh chomh maith go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt de bharr rialacha náisiúnta nó tionscnaimh mhargadhbhunaithe arna nglacadh chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin laistigh de theorainneacha náisiúnta. Más rud é go nochtann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an chaoi a gcomhlíontar cuspóirí comhshaoil leis na táirgí airgeadais a mhaíonn siad a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus más rud é, i dtaca le nochtaí den sórt sin, go mbaineann siad leas as critéir choiteanna ar fud an Aontais maidir lena bhfuil i gceist le gníomhaíocht eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cabhróidh sé sin le hinfheisteoirí ***tionchar na*** ndeiseanna infheistíochta thar theorainneacha ***ar an gcomhshaol*** a chur i gcomparáid le chéile ***agus dreasófar institiúidí infheistiúcháin lena samhlacha gnó a dhéanamh níos inbhuanaithe.*** Is mó an méid muiníne a bheidh ag infheisteoirí agus iad ag

| | |
|---|---|
| | infheistiú i dtáirgí airgeadais glasa ar fud an Aontais, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Chun tionchar comhshaoil éifeachtach agus inbhuanaitheacht níos forleithne a ghnóthú, chun ualach riaracháin neamhéigeantach ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus ar gheallsealbhóirí eile a laghdú, agus chun éascú a dhéanamh ar an bhfás ar mhargaí airgeadais Eorpacha lena gcistítear gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart go mbeadh an tacsanamaíocht bunaithe ar chritéir agus ar tháscairí comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha, lena n-áireofaí na táscairí maidir leis an ngeilleagar ciorclach ar a laghad. Ba cheart go mbeadh na táscairí sin comhsheasmhach leis an modheolaíocht aontaithe maidir le measúnú saolré, agus go gcuirfí i bhfeidhm iad ar fud*** |

***thionscnaimh rialála an Aontais. Ba cheart iad a bheith mar an bunús do mheasúnú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus ar riosca infheistíochta agus tionchar ar an gcomhshaol. Ní mór go seachnófar aon fhorluí i rialáil nach mbeadh i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr agus nach gcuirfí i bhfeidhm ar bhealach comhréireach. An aidhm atá ann ná téarmaíocht chomhsheasmhach agus creat rialála soiléir a chruthú. Ba cheart go seachnófaí freisin aon ualach neamhriachtanach a chur ar na húdaráis agus ar na hinstitiúidí airgeadais araon. Ar an gcuma chéanna, ba cheart raon feidhme agus úsáid na gcritéar scagtha teicniúil, chomh maith leis an nasc le tionscnaimh eile, a shainiú go soiléir sula dtiocfaidh an tacsanomaíocht agus na critéir lena mbaineann i bhfeidhm. Agus critéir chomhchuibhithe maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de á socrú, ba cheart inniúlacht na mBallstát i réimsí beartais éagsúla a chur san áireamh. Ba cheart go mbeadh ceanglais an Rialacháin seo infheidhme ar dhóigh chomhréireach le hinstitiúidí beaga agus neamhchasta mar a shainmhínítear faoin Rialachán seo.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) Ba cheart go ndéanfaí na táscairí a chomhchuibhiú ar bhonn gnóthais atá ann cheana, amhail saothar an Choimisiúin, na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, agus OECD, i measc grúpaí eile, agus go gcuimseofaí leo an tionchar comhshaoil ar CO2 agus ar astuithe eile, ar an mbithéagsúlacht, ar tháirgeadh dramhaíola, ar úsáid fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite, ar amhábhair, ar an uisce, ar úsáid talún dhíreach agus indíreach, mar a leagtar amach i gCreat faireacháin an Choimisiúin ar an ngeilleagar ciorclach (COM/2018/29 final), i bPlean gníomhaíochta AE don Gheilleagar Ciorclach (COM/2015/0614 final) agus i rún Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2015 maidir le héifeachtúlacht acmhainní: ag bogadh i dtreo geilleagar ciorclach (2014/2208/(INI)). Thairis sin, ba cheart na táscairí a cheapadh chun na moltaí ó Shainghrúpa Tacaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Geilleagar Ciorclach a chur san áireamh freisin. Ba cheart don Choimisiún*** |

***meastóireacht a dhéanamh ar conas obair an tsainghrúpa sin a chomhtháthú leis an nGrúpa Saineolaithe Teicniúla. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis na táscairí caighdeáin inbhuanaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun dul i ngleic le constaicí atá ann cheana maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus chun teacht chun cinn na gconstaicí sin sa todhchaí a chosc, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit leas a bhaint as coincheap coiteann i leith ***na hinfheistíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** agus ceanglais á leagan síos acu do ghníomhaithe margaidh chun críche lipéadú a dhéanamh ar tháirgí airgeadais nó ar bhannaí corparáideacha atá á margú ar an leibhéal náisiúnta mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar na cúiseanna céanna, i gcás bainisteoirí ciste agus infheisteoirí institiúideacha a mhaíonn go mbíonn | (11) Chun dul i ngleic le constaicí atá ann cheana maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus chun teacht chun cinn na gconstaicí sin sa todhchaí a chosc, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit ***agus ar an Aontas*** leas a bhaint as coincheap coiteann ***i leith leibhéal inbhuanaitheachta na n-infheistíochtaí ó thaobh an chomhshaoil de*** agus ceanglais á leagan síos acu do ghníomhaithe margaidh chun críche lipéadú a dhéanamh ar tháirgí airgeadais***, ar sheirbhísí*** nó ar bhannaí corparáideacha atá á margú ar an leibhéal náisiúnta mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar na cúiseanna céanna, i gcás bainisteoirí ciste agus infheisteoirí |

| | |
|---|---|
| cuspóirí comhshaoil á saothrú acu, ba cheart dóibh leas a bhaint as an gcoincheap céanna i leith infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus an dóigh a saothraíonn siad na cuspóirí sin á nochtadh acu. | institiúideacha a mhaíonn go mbíonn cuspóirí comhshaoil á saothrú acu, ba cheart dóibh leas a bhaint as an gcoincheap céanna i leith infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, agus as na táscairí céanna, as an méadracht chéanna, agus as na critéir chéanna lena ndéantar an tionchar ar an gcomhshaol a ríomh,*** agus an dóigh a saothraíonn siad na cuspóirí sin á nochtadh acu. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ***Ach critéir a bhunú i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, d'fhéadfadh sé go spreagfaí gnólachtaí chun faisnéis a nochtadh ar a suíomh gréasáin, ar bhonn deonach, maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbíonn siad ag gabháil dóibh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní hamháin*** go gcuideoidh an fhaisnéis ***sin*** le gníomhaithe ábhartha sna margaí airgeadais ***na*** | (12) Cuideoidh an fhaisnéis ***maidir le tionchar comhshaoil na ngníomhaíochtaí*** leis na gníomhaithe ábhartha sna margaí airgeadais chun ***leibhéal inbhuanaitheacht chomhshaoil na*** ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ar siúl ag gnólachtaí a aithint go héasca ***agus a chinneadh***, ach éascóidh sí freisin do ghnólachtaí cistiú a aimsiú. |

***gnólachtaí a bhíonn ag gabháil do*** ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** a aithint go héasca, ach is fearr a bheidh na gnólachtaí sin in ann cistí a thiomsú ***dá ngníomhaíochtaí glasa***.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ***Le haicmiú de chuid an Aontais ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de,*** ba cheart go bhféadfaí beartais de chuid an Aontais a fhorbairt amach anseo, lena n-áirítear caighdeáin ar fud an Aontais i leith táirgí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus, bunú lipéad, ar deireadh, lena dtugtar aitheantas foirmiúil do chomhlíonadh na gcaighdeán sin ar fud an Aontais. Tá gá le ceanglais dhlíthiúla aonfhoirmeacha chun infheistíochtaí ***a mheas mar*** chinn ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, ar bhonn critéir aonfhoirmeacha i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá | (13) ***Le táscairí uile-Aontais atá ábhartha don chinneadh maidir le tionchar*** na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ***ar an gcomhshaol***, ba cheart go gcumasófaí beartais ***agus straitéisí*** de chuid an Aontais a fhorbairt amach anseo, lena n-áirítear caighdeáin uile-Aontais i leith táirgí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus, bunú lipéad, ar deireadh, lena dtabharfaí aitheantas foirmiúil do chomhlíonadh na gcaighdeán sin ar fud an Aontais***, agus ar a mbunófaí bearta eacnamaíocha, rialála agus stuamachta chomh maith***. Is riachtanach iad na ceanglais dhlíthiúla aonfhoirmeacha chun |

| | |
|---|---|
| inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, mar thagairt le haghaidh reachtaíocht de chuid an Aontais sa todhchaí lena ndíreofar ar na hinfheistíochtaí ***sin a chumasú***. | ***méid na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaineann le*** hinfheistíochtaí a bhreithniú, ar bhunús critéar aonfhoirmeach maidir leis ***an méid inbhuanaitheachta comhshaoil a bhaineann le*** gníomhaíochtaí eacnamaíocha ***agus táscairí coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-infheistíochtaí ar an gcomhshaol;*** mar thagairt do reachtaíocht an Aontais amach anseo leis an aidhm chun ***éascú a dhéanamh ar an aistriú ó*** infheistíochtaí ***lena mbaineann tionchar comhshaoil diúltach chuig infheistíochtaí le tionchar dearfach.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) I gcomhthéacs spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas, ***léiríodh*** go raibh roghanna beartais cosúil le cruthú Ciste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha éifeachtach i dtaobh rannchuidiú le hinfheistíocht phríobháideach, taobh le caiteachas poiblí, | (14) I gcomhthéacs spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach san Aontas, ***d'fhéadfadh*** roghanna beartais amhail cruthú Ciste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha ***a bheith*** éifeachtach i dtaobh rannchuidiú le hinfheistíocht phríobháideach, taobh le |

a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe. Sonraítear i Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] sprioc infheistíochta aeráide 40% do thionscadail bhonneagair agus nuálaíochta faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. D'***fhéadfadh*** critéir choiteanna maidir le hinbhuanaitheacht gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith ***mar bhonn taca le*** tionscnaimh den chineál céanna de chuid an Aontais amach anseo lena dtacófar le hinfheistíocht lena saothraítear cuspóirí a bhaineann leis an aeráid nó cuspóirí comhshaoil eile.

---

[27] Rialachán (AE) 2017/2396 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach (IO L 345, 27.12.2017, lch. 34).

caiteachas poiblí, ***a shlógadh agus*** a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe. Sonraítear i Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] sprioc 40 % i gcás infheistíocht ***chothrománach*** aeráide do thionscadail bhonneagair agus nuálaíochta faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. ***Féadfaidh critéir choiteanna maidir le hinbhuanaitheacht gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus táscairí coiteanna don mheasúnú ar an tionchar comhshaoil a bheith*** mar bhonn taca le tionscnaimh den chineál céanna de chuid an Aontais amach anseo lena ndéanfar hinfheistíocht ***a shlógadh*** lena saothraítear cuspóirí a bhaineann leis an aeráid nó cuspóirí comhshaoil eile.

---

[27] Rialachán (AE) 2017/2396 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach (IO L 345, 27.12.2017, lch. 34).

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (15) Chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint chomh maith le dochar do leasanna tomhaltóirí a sheachaint de bharr smaointe éagsúla maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ***inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, ba cheart ceanglais náisiúnta nach mór do ghníomhairí margaidh a chomhlíonadh nuair is mian leo táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha a mhargú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a thógáil ar na critéir aonfhoirmeacha i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Áirítear leis na gníomhaithe margaidh sin rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais ***"glasa"*** agus cuideachtaí neamhairgeadais a eisíonn bannaí corparáideacha ***"glasa"***. | (15) Chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint chomh maith le dochar do leasanna tomhaltóirí a sheachaint de bharr smaointe éagsúla ***maidir le méid na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaineann le*** gníomhaíochtaí eacnamaíocha, i gcás ceanglais náisiúnta nach mór do ghníomhairí margaidh a chomhlíonadh nuair is mian leo táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha a mhargú ***mar a shainítear sa Rialachán seo*** mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart na critéir aonfhoirmeacha i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bheith ina ndúshraith acu. Áirítear leis na gníomhaithe margaidh sin rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais ***inbhuanaithe nó seirbhísí*** agus cuideachtaí neamhairgeadais a eisíonn bannaí corparáideacha ***inbhuanaithe***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ionas nach rachfar timpeall ar an oibleagáid nochta, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin freisin i gcás ***ina*** dtairgtear táirgí airgeadais mar chinn a bhfuil saintréithe comhchosúla acu le hinfheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sé de sprioc leo an comhshaol a chosaint go ginearálta. Níor cheart a cheangal ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gan infheistíocht a dhéanamh ach amháin i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de arna gcinneadh i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart ***iad*** a spreagadh chun an Coimisiún a chur ar an eolas má mheasann siad, i gcás ***gníomhaíocht eacnamaíoch nach gcomhlíonann na critéir*** scagtha theicniúla***, nó nach bhfuil na critéir sin bunaithe ina leith*** go fóill, gur cheart a mheas go bhfuil sí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, chun cuidiú leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a | (17) Ionas nach rachfar timpeall ar an oibleagáid nochta, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin freisin ***maidir le gach*** táirge airgeadais arna dtairgeadh mar chinn a bhfuil saintréithe comhchosúla acu le hinfheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sé de sprioc leo an comhshaol a chosaint go ginearálta. Níor cheart a cheangal ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gan infheistíocht a dhéanamh ach amháin i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de arna gcinneadh i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart ***rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus gníomhaithe eile*** a spreagadh chun an Coimisiún a chur ar an eolas má mheasann siad nach bhfuil na critéir scagtha theicniúla ***atá ábhartha do na gníomhaíochtaí arna maoiniú acu*** bunaithe go fóill ***agus ar an gcúis sin gur*** cheart a mheas go bhfuil ***a dtáirgí airgeadais*** inbhuanaithe ó thaobh an |

iomchuí agus atá sé na critéir scagtha theicniúla a chomhlánú nó a thabhairt cothrom le dáta.

chomhshaoil de, chun cuidiú leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a iomchuí agus atá sé na critéir scagtha theicniúla a chomhlánú nó a thabhairt cothrom le dáta.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun críocha a chinneadh ***an bhfuil*** gníomhaíocht eacnamaíoch ***inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, ba cheart liosta uileghabhálach cuspóirí comhshaoil a leagan síos. | (18) Chun críocha ***méid na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaineann le*** gníomhaíocht eacnamaíoch a chinneadh, ba cheart liosta uileghabhálach cuspóirí comhshaoil a leagan síos***, bunaithe ar tháscairí lena ndéantar an tionchar ar an gcomhshaol a thomhas, agus a thionchar ar an luachshlabhra tionsclaíoch iomlán á chur san áireamh agus comhleanúnachas le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana á áirithiú, amhail an pacáiste Fuinnimh Ghlain***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Maidir le gach cuspóir comhshaoil, ba cheart critéir aonfhoirmeacha a leagan síos chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheas mar chinn atá ag rannchuidiú go mór leis an gcuspóir sin. Ba cheart gur ghné amháin de na critéir aonfhoirmeacha dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán seo a sheachaint. Is amhlaidh atá ionas nach measfar go bhfuil infheistíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cé go ndéanann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dtéann na hinfheistíochtaí sin chun sochair dóibh dochar don chomhshaol ar mó é ná rannchuidiú na ngníomhaíochtaí sin do chuspóir comhshaoil. Leis na coinníollacha i leith rannchuidiú mór agus i leith dochar suntasach ar bith a dhéanamh, ba cheart féachaint chuige, trí infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, go rannchuideofar i ndáiríre leis na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. | (20) Maidir le gach cuspóir comhshaoil, ba cheart critéir aonfhoirmeacha a leagan síos ***bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar trí mheán táscairí comhchuibhithe*** chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheas mar chinn a rannchuidíonn go mór leis an gcuspóir sin. Ba cheart gur ghné amháin de na critéir aonfhoirmeacha dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán seo a sheachaint. Is amhlaidh atá ionas nach measfar go bhfuil infheistíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cé go ndéanann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dtéann na hinfheistíochtaí sin chun sochair dóibh dochar don chomhshaol ar mó é ná rannchuidiú na ngníomhaíochtaí sin do chuspóir comhshaoil. Leis na coinníollacha i leith rannchuidiú mór agus i leith dochar suntasach ar bith a dhéanamh, ba cheart féachaint chuige, trí infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, go rannchuideofar i ndáiríre leis na |

|  | cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. |
|---|---|

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) I bhfianaise na sonraí teicniúla sonracha is gá chun measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil gníomhaíochta eacnamaíche agus i bhfianaise gur dual d'athruithe tarlú go sciobtha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht araon, ba cheart na critéir i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ***inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** a chur in oiriúint go rialta do na hathruithe sin. Chun go mbeidh na critéir cothrom le dáta, bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar ionchur ó shaineolaithe chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha, ba cheart na coinníollacha maidir le rannchuidiú mór agus dochar suntasach a mhionsonrú tuilleadh i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla agus ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún critéir scagtha theicniúla, atá mionsonraithe agus | (22) I bhfianaise na sonraí teicniúla sonracha is gá chun measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil gníomhaíochta eacnamaíche agus i bhfianaise gur dual d’athruithe tarlú go sciobtha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht araon, ba cheart na critéir ***atá ábhartha maidir le méid na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaineann le*** gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur in oiriúint go rialta do na hathruithe sin. Chun go mbeidh na critéir ***agus táscairí*** cothrom le dáta, bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar ionchur ó shaineolaithe chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha, ba cheart na coinníollacha maidir le rannchuidiú mór agus dochar suntasach a mhionsonrú tuilleadh i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla agus ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún critéir |

| | |
|---|---|
| calabraithe, a leagan síos i leith na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha difriúla, ar bhonn an ionchuir theicniúil ó Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, ar ardán ilpháirtithe leasmhara é. | scagtha theicniúla, atá mionsonraithe agus calabraithe, ***agus tacar táscairí comhchuibhithe*** a leagan síos i leith na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha difriúla, ar bhonn an ionchuir theicniúil ó Ardán il-gheallsealbhóra maidir le Maoiniú Inbhuanaithe. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Bíonn drochthionchar ag roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an gcomhshaol, agus is féidir rannchuidiú go mór le cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó ach an drochthionchar sin a laghdú. I gcás na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin, is iomchuí critéir scagtha theicniúla a leagan síos lena gceanglaítear feabhas mór a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil i gcomparáid le meán an tionscail, inter alia. Ba cheart tionchar fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche ar leith a mheas sna critéir sin freisin. | (23) Bíonn drochthionchar ag roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an gcomhshaol, agus is féidir rannchuidiú go mór le cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó ach an drochthionchar sin a laghdú. I gcás na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin, is iomchuí critéir scagtha theicniúla a leagan síos lena gceanglaítear feabhas mór a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil i gcomparáid le meán an tionscail, *inter alia*, ***chun a mheas an bhféadfaidh an ghníomhaíocht sin rannchuidiú suntasach a ghnóthú do chuspóir comhshaoil amháin nó níos mó***. Ba cheart tionchar fadtéarmach gníomhaíochta |

eacnamaíche ar leith a mheas sna critéir sin freisin i.e. níos mó ná 3 bliana)***, go háirithe i dtaca leis na tairbhí comhshaoil a bhaineann le táirgí agus seirbhísí agus i dtaca le rannchuidiú táirgí idirmheánacha, agus ar an gcaoi sin measúnú a sholáthar ar an tionchar atá ag gach céim den mhonaraíocht agus ag an úsáid feadh an luachshlabhra agus an tsaolré***.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Níor cheart a mheas go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de más ***mó an dochar a dhéantar*** don chomhshaol dá barr ***ná na sochair a thugtar léi***. Ba cheart a aithint leis na critéir scagtha theicniúla na ceanglais íosta is gá chun dochar suntasach do chuspóirí eile a sheachaint. Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á dtabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na critéir sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá ar fáil ***agus*** go dtugtar cothrom le dáta iad go | (24) Níor cheart a mheas go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***mura dtugtar léi glansochar*** don chomhshaol. Ba cheart a aithint leis na critéir scagtha theicniúla na ceanglais íosta is gá chun dochar suntasach do chuspóirí eile a sheachaint. Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á dtabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na critéir sin ***réasúnach, comhréireach agus*** bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá ar fáil agus go ***gcuirtear san áireamh leo an*** |

rialta. I gcás ina bhfágann an mheastóireacht eolaíoch nach féidir an riosca a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim, i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE.

***luachshlabhra iomlán agus saolré na dteicneolaíochtaí. Ba cheart go n-áiritheoidh sé go dtugtar*** cothrom le dáta ***iad*** go rialta. I gcás ina bhfágann an mheastóireacht eolaíoch nach féidir an riosca a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim, i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Nuair a bhunaítear agus a nuashonraítear na critéir scagtha theicniúla agus tacar táscairí comhchuibhithe ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún san áireamh dlí Aontais ábharitha, maille le hionstraimí neamhreachtúla an Aontais atá i bhfeidhm cheana féin, lena n-áirítear Rialachán (CE) 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agús ón gComhairle37, Scéim Éiceabhainistíochta agus Iniúchta AE,38 critéir Sholáthair Phoiblí Ghlasa AE39, Ardán an Choimisiúin maidir le Geilleagar Ciorclach, an tArdán Eorpach maidir le | (25) Nuair a bhunaítear agus a nuashonraítear na critéir scagtha theicniúla ***agus tacar táscairí comhchuibhithe***, ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún san áireamh dlí Aontais ábhartha, maille le hionstraimí neamhreachtúla an Aontais atá i bhfeidhm cheana féin, lena n-áirítear Rialachán (CE) 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agús ón gComhairle[37], Scéim Éiceabhainistíochta agus Iniúchta AE[38], critéir Sholáthair Phoiblí Ghlasa AE[39], ***Ardán an Choimisiúin maidir le Geilleagar Ciorclach, an tArdán Eorpach*** |

Measúnú Saolré, agus an saothar leanúnach maidir le rialacha Lorg Comhshaoil Táirge agus Eagrais.40 D'fhonn neamhréireachtaí neamhéigeantacha a sheachaint le haicmithe na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha dá bhfuill ann chun cuspóirí eile cheana féin, ba chóir go dtabharfadh an Coimisiún san áireamh freisin na haicmithe staitistiúla i ndáil leis an Earnáil Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil, eadhon Aicmiú na nGníomhaíochtaí maidir le Cosaint an Chomhshaoil agus Caiteachas (CEPA) agus Aicmiú na nGníomhaíochtaí Bainistithe Acmhainní (CReMA).41

***maidir le Measúnú Saolré,*** agus an saothar leanúnach maidir le rialacha Lorg Comhshaoil Táirge agus Eagrais[40]. D'fhonn neamhréireachtaí neamhéigeantacha a sheachaint le haicmithe na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha dá bhfuill ann chun cuspóirí eile cheana féin, ba chóir go dtabharfadh an Coimisiún san áireamh freisin na haicmithe staitistiúla i ndáil leis an Earnáil Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil, eadhon Aicmiú na nGníomhaíochtaí maidir le Cosaint an Chomhshaoil agus Caiteachas (CEPA) agus Aicmiú na nGníomhaíochtaí Bainistithe Acmhainní (CReMA)[41].

---

[37] Rialachán (CE) 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

[38] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1–45).

[37] Rialachán (CE) 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

[38] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1–45).

[39] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions Public procurement for a better environment [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Soláthar Poiblí le haghaidh comhshaol níos fearr] SEC(2008) 2124 SEC(2008) 2125 SEC(2008) 2126 COM/2008/0400 final.

[40] 2013/179/AE: Commission Recommendation of 9 April 2013 on the use of common methods to measure and communicate the life cycle environmental performance of products and organisations [Moladh ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl] (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1–210).

[41] Iarscríbhinn 4 agus Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 538/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil (IO L 158, 27.5.2014).

[39] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions Public procurement for a better environment [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Soláthar Poiblí le haghaidh comhshaol níos fearr] SEC(2008) 2124 SEC(2008) 2125 SEC(2008) 2126 COM/2008/0400 final.

[40] 2013/179/AE: Commission Recommendation of 9 April 2013 on the use of common methods to measure and communicate the life cycle environmental performance of products and organisations [Moladh ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl] (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1–210).

[41] Iarscríbhinn 4 agus Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 538/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil (IO L 158, 27.5.2014).

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á dtabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Choimisiún sainiúlachtaí ***earnáil an bhonneagair***, agus seachtrachtaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chur san áireamh laistigh d'anailís chostais agus tairbhe. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail ECFE, ar reachtaíocht agus caighdeáin ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43], Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45], Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], agus ar an modheolaíocht atá ann faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart creataí rialachais iomchuí a chur chun cinn leis na critéir scagtha theicniúla, | (26) Agus na critéir scagtha teicniúla ***agus na táscairí comhchuibhithe*** á mbunú agus á dtabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Choimisiún sainiúlachtaí ***earnálacha éagsúla***, agus seachtrachtaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chur san áireamh laistigh d'anailís costais agus tairbhe. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail ECFE, ar reachtaíocht agus caighdeáin ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43], Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45], Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], agus ar an modheolaíocht atá ann faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart creataí rialachais iomchuí a chur chun cinn leis na |

ar creataí iad lena ndéantar comhtháthú ar thosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais, dá dtagraítear sna Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach[47] a dtacaíonn na Náisiúin Aontaithe leo, i ngach céim de shaolré thionscadail.

---

[42] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

[43] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

[44] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

[45] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

critéir scagtha theicniúla ***agus na critéir***, ar creataí iad lena ndéantar comhtháthú ar thosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais, dá dtagraítear sna Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach[47] a dtacaíonn na Náisiúin Aontaithe leo, i ngach céim de shaolré thionscadail.

---

[42] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

[43] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

[44] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

[45] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

| | |
|---|---|
| [46] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243). | [46] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243). |
| [47] https://www.unpri.org/download?ac=1534. | [47] https://www.unpri.org/download?ac=1534. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Agus na critéir scagtha theicniúla á sainiú ag an gCoimisiún, ba cheart a chur san áireamh freisin bearta idirthréimhseacha i dtreo gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá níos inbhuanaithe. I gcás cuideachtaí atá ag gabháil faoi láthair do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha lena ndéantar díobháil don chomhshaol, ba cheart go mbeadh dreasachtaí ar fáil chun aistriú gasta a dhéanamh chuig stádas atá inbhuanaithe*** |

***ó thaobh an chomhshaoil de, nó ar a laghad, chuig stádas nach bhfuil díobhálach don chomhshaol. Agus na próisis aistrithe sin ar siúl, ba cheart iad a spreagadh leis na critéir scagtha theicniúla. Más léir go bhfuil an chuid is mó de na gnóthais a dhéanann gníomhaíocht díobhálach ar leith ag gabháil don aistriú sin, féadfar é sin a chur san áireamh sna critéir scagtha. Is féidir iarrachtaí díograiseacha aistrithe a léiriú trí, i measc nithe eile, taighde leanúnach agus iarrachtaí forbartha, mórinfheistíochtaí caipitiúla i dteicneolaíochtaí nua atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, nó i bpleananna nithiúla maidir le haistriú i gcéimeanna luatha, ar a laghad, den chur chun feidhme.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun saobhadh iomaíochta a sheachaint agus maoiniú á thiomsú i gcomhair gníomhaíochtaí eacnamaíocha | (27) Chun ***spreagadh a thabhairt don nuálaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, agus chun saobhadh |

atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla gur féidir le gach gníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha laistigh ***d'earnáil shonrach*** cáiliú mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go gcaithfear go cothrom leo más é an méid céanna rannchuidithe a bhíonn i gceist leo i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán seo. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith i gceist idir earnálacha ó thaobh cumas féideartha chun rannchuidiú leis na cuspóirí comhshaoil sin, áfach, agus ba cheart é sin a léiriú sna critéir. Laistigh de gach earnáil, áfach, níor cheart go bhfágfadh na critéir sin go mbeadh gníomhaíocht eacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste éagórach i gcomparáid le ceann eile má bhíonn an méid céanna rannchuidithe i gceist leis an gcéad cheann i dtaca leis na cuspóirí comhshaoil agus a bhíonn i gceist leis an dara ceann.

iomaíochta a sheachaint agus maoiniú á thiomsú i gcomhair gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha teicniúla gur féidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha laistigh de ***mhacrai-earnálacha i.e. earnálacha NACE amhail an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an iascaireacht, an mhonaraíocht, soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin, an fhoirgníocht, an t-iompar agus seirbhísí stórála)*** cáiliú mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go gcaithfear go cothrom leo más é an méid céanna rannchuidithe a bhíonn i gceist leo i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán seo***, agus san am céanna nach ndéanfaidís dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil eile faoi Airteagal 3 agus Airteagal 12***. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith i gceist idir earnálacha ó thaobh cumas féideartha chun rannchuidiú leis na cuspóirí comhshaoil sin, áfach, agus ba cheart é sin a léiriú sna critéir ***scagtha***. Laistigh de gach ***macrai-earnáil eacnamaíoch***, áfach, níor cheart go bhfágfadh na critéir sin go mbeadh gníomhaíocht eacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste éagórach i gcomparáid le ceann eile má bhíonn an méid céanna

rannchuidithe i gceist leis an gcéad cheann i dtaca leis na cuspóirí comhshaoil agus a bhíonn i gceist leis an dara ceann***, agus san am céanna nach ndéanfaidís dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil eile faoi Airteagal 3 agus Airteagal 12***.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Is toradh ar theicneolaíochtaí agus táirgí arna bhforbairt feadh an luachshlabhra uile iad gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an ábhar sin, ba cheart ról iomlán an luachshlabhra i seachadadh deiridh gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mheas sna critéir scagtha theicniúla, ó amhábhair a phróiseáil go dtí an táirge deiridh agus a chéim dramhaíola.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 27 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27b) Chun nach gcuirfear isteach ar luachshlabhraí a fheidhmíonn go maith, ba cheart go mbreithneofaí sna critéir scagtha theicniúla gur le teicneolaíochtaí agus táirgí arna bhforbairt ag an iliomad gníomhaithe eacnamaíocha a chumasaítear gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Agus critéir scagtha theicniúla á mbunú aige, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú an mbeadh glacadh na gcritéar sin i leith gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ina chúis le sócmhainní tréigthe nó an mbeadh dreasachtaí neamhréireacha ann dá mbarr***, agus an mbeadh aon drochthionchar aige ar leachtacht sna margaí airgeadais***. | (28) Agus critéir scagtha theicniúla á mbunú aige, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ***ar rioscaí aistrithe a d'fhéadfadh a bheith ann,*** an mbeadh ***luas*** ghlacadh na gcritéar sin i leith gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ina chúis le sócmhainní tréigthe nó an mbeadh dreasachtaí neamhréireacha ann dá mbarr. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun a áirithiú go ndéantar infheistíochtaí a threorú i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbeidh an tionchar dearfach is mó acu ar na cuspóirí comhshaoil, ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt do chritéir scagtha theicniúla a bhunú i leith na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a d'fhéadfadh an rannchuidiú ba mhó a bheith i gceist leo i dtaca leis na cuspóirí comhshaoil. | (30) Chun a áirithiú go ndéantar infheistíochtaí a threorú i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbeidh an tionchar dearfach is mó acu ar na cuspóirí comhshaoil, ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt do chritéir scagtha theicniúla a bhunú i leith na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a d'fhéadfadh an rannchuidiú ba mhó a bheith i gceist leo i dtaca leis na cuspóirí comhshaoil. ***Ba cheart a chur san áireamh sna critéir scagtha torthaí na dtionscadal chun sainaithint agus forbairt teicneolaíochtaí nua a éascú agus chomh maith leis sin chun inscálaitheacht na dteicneolaíochtaí sin a chur san áireamh.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart critéir scagtha theicniúla iomchuí a bhunú don earnáil iompair, lena n-áirítear le haghaidh sócmhainní soghluaiste, agus ba cheart a chur san áireamh iontu gur ón earnáil iompair, lena n-áirítear loingseoireacht idirnáisiúnta, a thagann gar do 26% d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú[48], is san earnáil iompair atá thart ar 30% de na riachtanais infheistíochta bliantúla breise don fhorbairt inbhuanaithe san Aontas, lena n-áirítear trí chur leis an leictriú nó trí aistriú chuig modhanna iompair ar glaine iad ná mar a bhí trí athrú modha agus bainistíocht tráchta a chur chun cinn. | (31) Ba cheart critéir scagtha theicniúla iomchuí a bhunú don earnáil iompair, lena n-áirítear le haghaidh sócmhainní soghluaiste, agus ba cheart a chur san áireamh iontu ***saolré iomlán na dteicneolaíochtaí agus*** gur ón earnáil iompair, lena n-áirítear loingseoireacht idirnáisiúnta, a thagann gar do 26 % d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú[48], is san earnáil iompair atá thart ar 30 % de na riachtanais infheistíochta bliantúla breise don fhorbairt inbhuanaithe san Aontas, lena n-áirítear trí chur leis an leictriú nó trí aistriú chuig modhanna iompair níos glaine trí athrú modha agus bainistíocht tráchta a chur chun cinn. |
| [48] COM(2018) 97 final. | [48] COM(2018) 97 final. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Agus forbairt na gcritéar scagtha teicniúil á hullmhú ag an gCoimisiún, is gá dó dul i mbun comhairliúcháin iomchuí i gcomhréir le ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr agus tá tábhacht ar leith leis sin. Ba cheart páirtithe leasmhara ábhartha a bheith páirteach sa phróiseas faoina mbunófar na critéir scagtha theicniúla agus faoina dtabharfar cothrom le dáta iad, agus ba cheart an próiseas sin a thógáil ar chomhairle ó shaineolaithe a bhfuil eolas agus taithí chruthaithe acu sna réimsí ábhartha. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Ardán maidir le maoiniú inbhuanaithe a bhunú. Ba cheart an tArdán sin a bheith comhdhéanta de shaineolaithe lena ndéantar ionadaíocht ar an earnáil phoiblí agus ar an earnáil phríobháideach araon. Ba cheart saineolaithe ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta a áireamh le hionadaithe na hearnála poiblí. Ba cheart ionadaithe de chuid páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear gníomhaithe margaidh airgeadais, ollscoileanna, institiúidí taighde, comhlachais agus eagraíochtaí a áireamh le | (32) Agus forbairt na gcritéar scagtha teicniúil á hullmhú ag an gCoimisiún, is gá dó dul i mbun comhairliúcháin iomchuí i gcomhréir le ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr agus tá tábhacht ar leith leis sin. Ba cheart páirtithe leasmhara ábhartha a bheith páirteach sa phróiseas faoina mbunófar na critéir scagtha teicniúla ***agus na táscairí comhchuibhithe*** agus faoina dtabharfar cothrom le dáta iad, agus ba cheart, sa phróiseas sin, ***leas a bhaint as fianaise eolaíoch, an tionchar socheacnamaíoch, an dea-chleachtas agus saothar agus eintitis atá ann cheana, go háirithe Ardán an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Geilleagar Ciorclach, agus*** as comhairle ó shaineolaithe a bhfuil eolas cruthaithe agus taithí ***dhomhanda*** acu sna réimsí ábhartha. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Ardán maidir le maoiniú inbhuanaithe a bhunú. Ba cheart an tArdán sin a bheith comhdhéanta de ***réimse leathan*** saineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil phoiblí agus ar an earnáil phríobháideach araon ***chun a áirithiú go dtugtar aird chuí ar shainiúlachtaí na n-earnálacha ábhartha uile***. Ba cheart a |

saineolaithe na hearnála príobháidí. Ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le critéir scagtha theicniúla a fhorbairt, a anailísiú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear a dtionchar féideartha ar luacháil sócmhainní ar measadh, go dtí glacadh na gcritéar scagtha teicniúil, ***gur shócmhainní glasa iad*** faoi chleachtais mhargaidh atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil le haghaidh tuilleadh úsáidí i dtionscnaimh bheartais de chuid an Aontais amach anseo a bheidh dírithe ar infheistíocht inbhuanaithe a éascú.

áireamh le hionadaithe na hearnála poiblí saineolaithe ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ***agus ó ghníomhaireachtaí náisiúnta um chaomhnú comhshaoil***, ó na hÚdaráis Eorpacha Mhaoirseachta, ***ón nGrúpa Comhairleach um Thuairisciú Airgeadais san Eoraip*** agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Ba cheart a áireamh le saineolaithe na hearnála príobháidí ionadaithe de chuid geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaithe margaidh airgeadais ***agus neamhairgeadais***, ***ionadaithe an fhíorgheilleagair a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan tionscal,*** ollscoileanna, institiúidí taighde, comhlachais agus eagraíochtaí. ***I gcás inar gá, ba cheart cead a bheith ag an Ardán comhairle a iarraidh ó neamhchomhaltaí***. Ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le critéir scagtha theicniúla ***agus táscairí comhchuibhithe*** a fhorbairt, a anailísiú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear a dtionchar féideartha ar luacháil sócmhainní ar measadh, go dtí glacadh na gcritéar scagtha teicniúil, gur shócmhainní ***inbhuanaithe*** iad faoi chleachtais mhargaidh atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil ***agus na dtáscairí*** le haghaidh tuilleadh úsáidí i dtionscnaimh bheartais de chuid an

| | |
|---|---|
| | Aontais amach anseo a bheidh dírithe ar infheistíocht inbhuanaithe a éascú. Leasú ***Ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le caighdeáin chuntasaíochta inbhuanaitheachta agus caighdeáin tuairiscithe chomhtháite a fhorbairt do chomhlachtaí corpraithe agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, lena n-áirítear tríd an athbhreithniú ar Threoir 2013/34/AE.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú, agus go háirithe chun critéir scagtha theicniúla atá mionsonraithe agus calabraithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla maidir lena bhfuil i gceist le rannchuidiú mór leis na cuspóirí comhshaoil agus dochar suntasach dóibh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a | (33) Chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú, agus go háirithe chun critéir scagtha theicniúla ***agus táscairí*** atá mionsonraithe agus calabraithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla maidir lena bhfuil i gceist le rannchuidiú mór leis na cuspóirí comhshaoil agus dochar suntasach dóibh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a |

| | |
|---|---|
| tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an bhfaisnéis is gá chun an oibleagáid nochta a leagtar amach in Airteagal 4(3) a chomhlíonadh, agus i dtaca leis na critéir scagtha theicniúla a luaitear in Airteagal 6(2), Airteagal 7(2), Airteagal 8(2), Airteagal 9(2), Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(2). Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag saineolaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chruinnithe de shainghrúpaí de chuid an Choimisiúin a bhíonn ag plé le hullmhú gníomhartha tarmligthe. | tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an bhfaisnéis is gá chun an oibleagáid nochta a leagtar amach in Airteagal 4(3) a chomhlíonadh, agus i dtaca leis na critéir scagtha theicniúla a luaitear in Airteagal 6(2), Airteagal 7(2), Airteagal 8(2), Airteagal 9(2), Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(2). Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin ***phoiblí*** iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag saineolaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chruinnithe de shainghrúpaí de chuid an Choimisiúin a bhíonn ag plé le hullmhú gníomhartha tarmligthe. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le forbairt critéar scagtha teicniúil i leith gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***,*** agus chun a mheas an gá sásra fíoraithe a bhunú ionas go gcomhlíonfar na hoibleagáidí. Ba cheart a áireamh san athbhreithniú freisin measúnú i dtaobh ***ar cheart*** raon feidhme an Rialacháin seo ***a leathnú*** chun cuspóirí inbhuanaitheachta sóisialta a chumhdach. | (35) Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ***agus ar a laghad tar éis dhá bhliain*** chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le forbairt critéar scagtha teicniúil ***agus táscairí comhchuibhithe*** i leith gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***nó gníomhaíochtaí atá díobhálach ó thaobh an chomhshaoil de***, chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***nó infheistíochtaí lena mbaineann tionchar díobhálach don chomhshaol,*** agus chun a mheas an gá sásra fíoraithe ***breise*** a bhunú ionas go gcomhlíonfar na hoibleagáidí. Ba cheart a áireamh san athbhreithniú freisin measúnú ar ***na forálacha is gá*** chun raon feidhme an Rialacháin seo ***a leathnú*** chun cuspóirí maidir le hinbhuanaitheacht shóisialta a chumhdach. ***Faoin 31 Márta 2020, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha breise a fhoilsiú maidir le sásra fíoraithe um chomhlíonadh a bhunú.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar an ngá atá le critéir aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú, | (36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar an ngá atá le critéir aonfhoirmeacha ***agus táscairí*** a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú, |

**Leasuithe 35, 55, 59, 87, 96 agus 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Ábhar agus raon feidhme | Ábhar agus raon feidhme |
| 1. Bunaítear leis an Rialachán seo na critéir chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ***inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a shuíomh. | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo na critéir chun ***méid an tionchair chomhshaoil agus na hinbhuanaitheachta a bhaineann*** le gníomhaíocht eacnamaíoch a chinneadh chun críocha méid na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaineann le hinfheistíocht a shuí, ***ar infheistíocht í a dhéantar***. |
| 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas: | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas: |
| (a) bearta arna nglacadh ag na Ballstáit nó ag an Aontas lena leagtar amach aon cheanglais atá ar ***ghníomhaithe*** margaidh i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna margú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. | (a) bearta arna nglacadh ag na Ballstáit nó ag an Aontas lena leagtar amach aon cheanglais atá ar ***rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais*** i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna margú ***laistigh den Aontas*** mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. |
| (b) rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó mar infheistíochtaí a bhfuil tréithe comhchosúla acu. | (b) rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a dhéanann táirgí airgeadais a thairiscint ***laistigh den Aontas*** mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó mar infheistíochtaí a bhfuil tréithe comhchosúla acu***, agus*** |

*(ba) rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais eile seachas sna cásanna seo a leanas:*

*i. má sholáthraíonn an rannpháirtí sa mhargadh airgeadais mínithe, atá tacaithe ag fianaise réasúnta chun sástacht na n-údarás inniúil ábhartha, nach bhfuil aon tionchar inbhuanaitheachta suntasach ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna gcistiú ag a tháirgí airgeadais de réir na gcritéar scagtha teicniúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 3a, agus sa chás sin ní bheidh feidhm ag forálacha Chaibidil II agus Chaibidil III. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ina réamheolaire, nó*

*ii má dhearbhaíonn an rannpháirtí sa mhargadh airgeadais ina réamheolaire nach bhfuil cuspóirí inbhuanaitheachta á saothrú leis an táirge airgeadais i dtrácht agus go bhfuil baol méadaithe ann go dtacóidh an táirge le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach meastar a bheith inbhuanaithe faoin Rialachán seo.*

*2a. Cuirfear i bhfeidhm na critéir dá dtagraítear in Airteagal 1(1) ar bhealach comhréireach, agus ualach iomarcach riaracháin á sheachaint, agus ag cur san áireamh cineál, scála agus castacht an rannpháirtí sa mhargadh airgeadais agus na n-institiúidí creidmheasa trí*

***fhorálacha simplithe le haghaidh eintitis bheaga agus neamhchasta i gcomhréir le forálacha mhír 2d d'Airteagal 4.***

***2b. Féadfar na critéir dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a úsáid chun na críche atá luaite sa mhír sin ag gnóthais nach gcumhdaítear le hAirteagal 1(2) nó maidir le táirgí airgeadais eile seachas na cinn sin a shainítear in Airteagal 2 ar bhonn deonach,***

***2c. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe chun críche na faisnéise a chuirfidh an rannpháirtí sin sa mhargadh airgeadais faoi bhráid na n-údarás inniúil ábhartha chun críocha phointe (a) de mhír 2 den Airteagal seo.***

**Leasuithe 36, 88 agus 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Sainmhínithe | Sainmhínithe |
| 1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a | 1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a |

leanas:

(a) ciallaíonn 'infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' infheistíocht lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn faoin Rialachán seo mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) ciallaíonn 'rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais' ***rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais*** mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(a) de [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí hinbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341];

leanas:

(a) ciallaíonn 'infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' infheistíocht lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn faoin Rialachán seo mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(b) ciallaíonn 'rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais' ***aon cheann de na nithe seo a leanas,*** mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(a) de [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí hinbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341];

***(i) institiúid chreidmheasa mar a shainmhínítear í i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shainmhínítear faoi [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt don airteagal ábhartha] de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;***

***(ba) ciallaíonn 'eisitheoir' eisitheoir liostaithe faoi mar a shainmhínítear i bpointe (h) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus i bpointe (h) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b];***

(c) ciallaíonn 'táirgí airgeadais' ***táirgí airgeadais*** mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(j) de [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341];

(c) ciallaíonn 'táirgí airgeadais' ***bainistíocht punainne, CIM, IBIP,*** táirge ***pinsin, scéim pinsean nó GCUI, banna corparáide*** mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(j) de [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341], ***chomh maith le heisiúintí dá dtagraítear i dTreoir 2003/71/CE agus Rialachán (AE) 2017/1129);***

***(ca) ciallaíonn 'táscairí comhshaoil', ar a íosmhéid, tomhas ídiú na n-acmhainní, ar nós amhábhar, fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite, uisce, tionchar ar sheirbhísí éiceachórais, astuithe lena n-áirítear CO2, tionchar ar an mbithéagsúlacht agus úsáid talún agus táirgeadh dramhaíola, bunaithe ar fhianaise eolaíochta, agus ar mhodheolaíocht an***

| | |
|---|---|
| | ***Choimisiúin maidir le Measúnú Saolré ar leagtar amach i gcreat faireacháin an Choimisiúin maidir leis an ngeilleagar ciorclach (COM/2018/29 final);*** |
| | ***(cb) ciallaíonn 'údarás náisiúnta inniúil ábhartha' na húdaráis inniúla nó mhaoirseachta sna Ballstáit, mar a shonraítear sna gníomhartha Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh 1094/2010, agus cumhdaítear faoina raon feidhme catagóir an rannpháirtí sa mhargadh airgeadais a thagann faoi réir an cheanglais nochta dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo;*** |
| | ***(cc) ciallaíonn 'ÚME (ESA) ábhartha' Údarás Maoirseachta Eorpach, nó Údaráis Maoirseachta Eorpacha, mar a shonraítear sna gníomhartha Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus/nó de Rialachán (AE) Uimh 1095/2010, agus cumhdaítear faoina raon feidhme catagóir an rannpháirtí sa mhargadh airgeadais a thagann faoi réir an cheanglais nochta dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo;*** |
| (d) ciallaíonn 'maolú ar an athrú aeráide' an ***próiseas*** a bhaineann leis an méadú ar | (d) ciallaíonn 'maolú ar an athrú aeráide' na ***próisis is gá***, ***lena n-áirítear bearta*** |

an meánteocht dhomhanda á choimeád go mór faoi bhun 2 °C ***os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus an méadú teochta a theorannú*** do 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

(e) ciallaíonn 'oiriúnú don athrú aeráide' an próiseas chun oiriúnú don aeráid iarbhír agus don aeráid a bhfuiltear ag súil léi agus dá héifeachtaí;

(f) ciallaíonn 'gás ceaptha teasa' gás ceaptha teasa a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49];

(g) ciallaíonn 'geilleagar ciorclach' luach táirgí, ábhar agus acmhainní sa gheilleagar a choinneáil a fhad agus is féidir, agus dramhaíl a íoslaghdú, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an ordlathais dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;[50]

***idirthréimhseacha,*** chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda á choimeád go mór faoi bhun 2 °C agus ***iarrachtaí a shaothrú i dtaca lena theorannú*** chuig 1.5 °C thar leibhéil réamhthionsclaíocha***, mar a leagtar síos i gComhaontú Pháras***;

(e) ciallaíonn 'oiriúnú don athrú aeráide' an próiseas chun oiriúnú don aeráid iarbhír agus don ***athrú*** aeráide a bhfuiltear ag súil léi agus dá héifeachtaí;

(f) ciallaíonn 'gás ceaptha teasa' gás ceaptha teasa a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49];

(g) ciallaíonn 'geilleagar ciorclach' luach ***agus úsáid*** táirgí, ábhar agus na hacmhainní ***uile eile*** sa gheilleagar a choinneáil ***ar a leibhéal is airde*** a fhad agus is féidir, ***agus dá bhrí sin an tionchar comhshaoil a laghdú*** agus dramhaíl a íoslaghdú, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an ordlathais dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] ***agus lena n-íoslaghdaítear úsáid acmhainní ar bhunús príomhtháscairí faoin ngeilleagar ciorclach a leagtar amach sa chreat faireacháin maidir le dul chun cinn i dtreo geilleagar ciorclach, agus na céimeanna éagsúla den táirgeadh, ídiú,***

***bainistiú dramhaíola á gcumhdach.***

(h) ciallaíonn 'truailliú':

(i) substaintí, creathadh, teas, torann nó truailleáin eile a thabhairt isteach, go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine, san aer, san uisce nó sa talamh, ar substaintí, creathadh, teas, torann nó truailleáin eile iad a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó do cháilíocht an chomhshaoil, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin ábhartha, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thaitneamhachtaí agus d'úsáidí dlisteanacha eile a bhaintear as an gcomhshaol nó cur isteach orthu;

(ii) i gcomhthéacs na muirthimpeallachta, truailliú mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(8) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51];

(h) ciallaíonn 'truailliú':

(i) substaintí, creathadh, teas, torann nó truailleáin eile a thabhairt isteach, go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine, san aer, san uisce nó sa talamh, ar substaintí, creathadh, teas, torann***, solas*** nó truailleáin eile iad a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó do cháilíocht an chomhshaoil, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin ábhartha, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thaitneamhachtaí agus d'úsáidí dlisteanacha eile a bhaintear as an gcomhshaol nó cur isteach orthu;

(ii) i gcomhthéacs na muirthimpeallachta, truailliú mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(8) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51];

***(iia) i gcomhthéacs thimpeallacht an uisce, 'truailliú' mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(33) de Threoir 2000/60/CE.***

(i) ciallaíonn 'éiceachóras sláintiúil' éiceachóras atá i riocht maith fisiceach, ceimiceach agus bitheolaíoch nó ar dhea-chaighdeán fisiceach, ceimiceach agus bitheolaíoch;

(i) ciallaíonn 'éiceachóras sláintiúil'' éiceachóras atá i riocht maith fisiceach, ceimiceach agus bitheolaíoch nó ar dhea-chaighdeán fisiceach, ceimiceach agus bitheolaíoch ***agus ar féidir leis é féin a atáirgeadh nó a athshlánú chuig cothromaíocht agus lena gcaomhnaítear***

(j) ciallaíonn 'éifeachtúlacht fuinnimh' úsáid a bhaint as fuinneamh ar shlí níos éifeachtúla i ngach céim den slabhra fuinnimh ó tháirgeadh go dtí an tomhaltas deiridh;

(k) ciallaíonn 'dea-stádas comhshaoil' dea-stádas comhshaoil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(5) de Threoir 2008/56/CE;

(l) ciallaíonn 'uiscí mara' uiscí mara mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/56/CE;

(m) beidh le 'uisce dromchla', 'uisce intíre', 'uiscí idirchriosacha' agus 'uisce cósta' an chiall chéanna atá leo i bpointí (1), (3), (6) agus (7) d'Airteagal 2 de Threoir 2000/60/CE[52];

(n) ciallaíonn 'bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí' úsáid a bhaint as foraoisí agus talamh foraoise ar ***bhealach, agus ar ráta, lena gcoinnítear a mbithéagsúlacht, a dtáirgiúlacht, a gcumas athghiniúna, a mbeogacht agus a gcumas chun feidhmeanna ábhartha éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a chomhlíonadh, anois agus amach anseo, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda, agus nach bhfágtar dá mbarr go ndéantar***

***an bhithéagsúlacht***;

(j) ciallaíonn 'éifeachtúlacht fuinnimh' úsáid a bhaint as fuinneamh ar shlí níos éifeachtúla i ngach céim den slabhra fuinnimh ó tháirgeadh go dtí an tomhaltas deiridh;

(k) ciallaíonn 'dea-stádas comhshaoil' dea-stádas comhshaoil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(5) de Threoir 2008/56/CE;

(l) ciallaíonn 'uiscí mara' uiscí mara mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/56/CE;

(m) beidh le 'uisce dromchla', 'uisce intíre', 'uiscí idirchriosacha' agus 'uisce cósta' an chiall chéanna atá leo i bpointí (1), (3), (6) agus (7) d'Airteagal 2 de Threoir 2000/60/CE[52];

(n) ciallaíonn 'bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí' úsáid a bhaint as foraoisí agus talamh foraoise ***i gcomhréir le reachtaíocht is infheidhme***.

***damáiste d'éiceachórais eile.***

______________________________

______________________________

***[1a] Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64).***

***[1b] Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad le haghaidh trádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch 12).***

[49] Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

[49] Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

[50] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na

[50] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na

| | |
|---|---|
| hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). | hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). |
| [51] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19–40). | [51] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19–40). |
| [52] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1). | [52] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1). |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de | Critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de |
| Chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a shuíomh, beidh gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcás ina gcomhlíonann an ghníomhaíocht sin na critéir seo a leanas go léir: | Chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a shuíomh, beidh gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcás ina gcomhlíonann an ghníomhaíocht sin na critéir seo a leanas go léir: |

| | |
|---|---|
| (a) rannchuidíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch go mór le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 6 go hAirteagal 11; | (a) rannchuidíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch go mór le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 6 go hAirteagal 11; |
| (b) ní dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 12; | (b) ní dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch díobháil shuntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 12; |
| (c) déantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch i gcomhréir leis na coimircí íosta a leagtar síos in Airteagal 13; | (c) déantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch i gcomhréir leis na coimircí íosta a leagtar síos in Airteagal 13; |
| (d) comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch critéir scagtha theicniúla, i gcás inar shonraigh an Coimisiún na critéir sin i gcomhréir le hAirteagail 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2). | (d) comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch critéir scagtha theicniúla, i gcás inar shonraigh an Coimisiún na critéir sin, ***ar bhonn táscairí comhchuibhithe lena dtomhaistear tionchar inbhuanaitheachta ar leibhéal na cuideachta nó an phlean a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus*** i gcomhréir le hAirteagail 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2). |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3a*** |
| | ***Critéir i gcomhair gníomhaíochtaí eacnamaíocha le drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol*** |
| | ***Faoin 31 Nollaig 2021, seolfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar na hiarmhairtí a eascróidh as athbhreithniú ar an Rialachán seo chun an creat i gcomhair infheistíochtaí inbhuanaithe a mhéadú le creat a úsáidtear chun critéir a chinneadh i dtaca le cathain agus conas a imríonn gníomhaíocht eacnamaíoch drochthionchar suntasach ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***inbhuanaitheacht.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| ***Úsáid a bhaint as*** na critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** | ***Cur i bhfeidhm agus comhlíonadh*** na gcritéar chun ***leibhéal na hinbhuanaitheachta ó thaobh an chomhshaoil de*** a chinneadh i ndáil le gníomhaíochtaí eacnamaíocha. |
| 1. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na critéir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** a chinneadh, a leagtar amach in Airteagal 3, chun críocha aon bhearta lena leagtar síos ceanglais ar ghníomhaithe margaidh i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha ***a mhargaítear mar chinn atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de'***. | 1. Cuirfidh na Ballstáit ***agus an tAontas*** i bhfeidhm na critéir ***le leibhéal na hinbhuanaitheachta ó thaobh an chomhshaoil de i ndáil le*** gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chinneadh, a leagtar amach in Airteagal 3, chun críocha aon bheart lena leagtar síos ceanglais ***inbhuanaitheachta*** ar ghníomhaithe margaidh i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha. |
| 2. I gcás rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***, nó mar infheistíochtaí a bhfuil tréithe comhchosúla leo, nochtfaidh siad faisnéis i ndáil leis an dóigh agus lena mhéid a úsáidtear na critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a leagtar amach in Airteagal 3 chun inbhuanaitheacht comhshaoil na hinfheistíochta a chinneadh***. I gcás ina measann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ***nach gcomhlíonann na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i gcomhréir leis an Rialachán seo nó*** nach bhfuil na critéir scagtha theicniúla ***sin*** bunaithe fós ina leith, gur cheart í a mheas | 2. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais ***nó bannaí corparáideacha an fhaisnéis ábhartha a nochtadh, lena lamháiltear dóibh a shuí arb ionann na táirgí a thairgeann siad*** agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***de bhun chritéir Airteagal 3.*** I gcás ina measann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch nach bhfuil na critéir scagtha theicniúla bunaithe fós ina leith, gur cheart í a mheas mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***déanfaidh*** siad an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin. ***I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 15 i ndáil le hiarrataí den sórt sin ó na rannpháirtithe*** |

mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***féadfaidh*** siad an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin.

***sa mhargadh airgeadais***. ***Ní thairgfidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais táirgí airgeadais mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó mar infheistíochtaí a bhfuil tréithe comhchosúla acu, murab ionann na táirgí sin agus táirgí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.***

***2a. Déanfaidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar le ÚME ábhartha, faireachán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais í a thuairisciú don údarás inniúil náisiúnta ábhartha a chuirfidh í in iúl do ÚME ábhartha gan mhoill. Aon uair nach n-aontaíonn an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha nó ÚME ábhartha leis an bhfaisnéis arna tuairisciú dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 2a, déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis arna nochtadh a athbhreithniú agus a cheartú.***

***2b. Beidh nochtadh na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 4 comhsheasmhach le prionsabail na faisnéise córa, soiléire agus neamh-mhíthreoraí a áirítear i dTreoir (AE) 2014/65/AE agus i dTreoir (AE) 2016/97 agus beidh na cumhachtaí idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(c) comhsheasmhach leis na cumhachtaí sin a áirítear i Rialachán Uimh. 600/2014.***

***2c. Ní éileofar ceanglais nochta ar bith faoi [OF cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341] sa Rialachán seo;***

***2d. Beidh gnóthais bheaga agus neamh-chasta dá dtagraítear in Airteagal 2.2b agus 2.2c faoi réir forálacha simplithe.***

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun mír 2 a fhorlíonadh d'fhonn sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis is gá chun an ***mhír*** sin a chomhlíonadh, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun forlíonadh a dhéanamh ar mhír 2***, 2a agus 2b*** chun sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhfuil gá léi chun na ***míreanna*** sin a chomhlíonadh, ***lena n-áirítear liosta***

| | |
|---|---|
| gcomhréir leis an Rialachán seo á gcur san áireamh aige. Leis an bhfaisnéis sin, beidh infheisteoirí in ann na nithe seo a leanas a shainaithint: | ***infheistíochtaí a bhfuil tréithe comhchosúla acu le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus na tairseacha cáilíochta ábhartha chun críocha mhír 2,*** agus infhaighteacht na faisnéise ábhartha agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i gcomhréir leis an Rialachán seo á gcur san áireamh. Leis an bhfaisnéis sin, beidh infheisteoirí in ann na nithe seo a leanas a shainaithint: |
| (a) céatadán na sealúchas ***a bhaineann le*** cuideachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; | (a) céatadán na sealúchas ***i gcuideachtaí difriúla*** a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; |
| (b) an sciar den infheistíocht lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar chéatadán de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir. | (b) an sciar den infheistíocht lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar chéatadán de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir. |
| | ***(ba) na sainmhínithe ábhartha ar ghnóthais bheaga agus neamh-chasta dá dtagraítear in Airteagal 2b mar aon leis na forálacha simplithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na heintitis sin.*** |
| | ***3a. Foilseoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 3.*** |
| 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 3 faoin 31 Nollaig 2019 d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020. Féadfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin a leasú, go háirithe i bhfianaise leasuithe ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(2), le hAirteagal 7(2), le hAirteagal 8(2), le hAirteagal 9(2), le hAirteagal 10(2) agus le hAirteagal 11(2). | 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 3 faoin 31 Nollaig 2019 d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020. Féadfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin a leasú, go háirithe i bhfianaise leasuithe ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(2), le hAirteagal 7(2), le hAirteagal 8(2), le hAirteagal 9(2), le hAirteagal 10(2) agus le hAirteagal 11(2). |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Faireachán margaidh*** |
| | ***1. I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, déanfaidh ÚME ábhartha faireachán ar an margadh do tháirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo, a ndéantar iad a mhargú, a dháileadh nó a dhíol san Aontas.*** |
| | ***2. Déanfaidh údaráis inniúla faireachán ar an margadh do tháirgí airgeadais a ndéantar iad a mhargú, a dháileadh nó a dhíol ina mBallstát nó óna mBallstát.*** |
| | ***3. I gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, féadfaidh ÚME ábhartha, i gcás ina ndéanann na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 1 sárú ar an Rialachán seo, toirmisc nó srianadh sealadach a dhéanamh san Aontas ar mhargú, dáileadh nó díol na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 1;*** |
| | ***Féadfaidh feidhm a bheith ag toirmeasc nó srian dá dtagraítear in Airteagal 3 in imthosca arna sonrú ag ÚME ábhartha nó bheith faoi réir eisceachtaí arna sonrú ag ÚME ábhartha.*** |
| | ***4. Agus gníomh á dhéanamh aige faoin Airteagal seo, déanfaidh ÚME ábhartha a áirithiú i ndáil leis an ngníomh sin:*** |
| | ***(a) nach bhfuil éifeacht dhíobhálach aige ar éifeachtúlacht na margaí airgeadais nó ar infheisteoirí, ar éifeacht í atá díréireach le tairbhí an ghnímh, agus*** |
| | ***(b) nach gcruthaítear riosca arbatráiste*** |

***rialála leis;***

***I gcás ina mbeidh beart déanta ag údarás inniúil nó ag údaráis inniúla faoin Airteagal seo, féadfaidh ÚME ábhartha aon cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.***

***5. Sula gcinnfidh sé aon ghníomh a dhéanamh faoin Airteagal seo, cuirfidh ÚME ábhartha údaráis inniúla ar an eolas maidir leis an ngníomh atá beartaithe aige.***

***6. Déanfaidh ÚME ábhartha athbhreithniú ar thoirmeasc nó ar shrian arna fhorchur faoi mhír 1 ag eatraimh iomchuí agus gach trí mhí ar a laghad. Muna ndéantar athnuachan ar an toirmeasc nó ar an srian i ndiaidh na tréimhse trí mhí sin, rachaidh sé in éag.***

***7. Beidh forlámhas ag gníomh arna ghlacadh ag ÚME ábhartha faoin Airteagal seo thar aon ghníomh roimhe sin a ndearna údarás inniúil.***

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 5 | Airteagal 5 |
| Cuspóirí ***comhshaoil*** | Cuspóirí ***inbhuanaitheachta*** |
| Chun críocha an Rialacháin seo, beidh siad seo a leanas ina gcuspóirí comhshaoil: | ***1.*** Chun críocha an Rialacháin seo, beidh siad seo a leanas ina gcuspóirí comhshaoil: |
| (1) maolú ar an athrú aeráide; | (1) maolú ar an athrú aeráide; |
| (2) oiriúnú don athrú aeráide; | (2) oiriúnú don athrú aeráide; |
| (3) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint; | (3) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint; |
| (4) aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc ***agus athchúrsáil*** ar dhramhaíl; | (4) aistriú chuig geilleagar ciorclach, ***lena n-áirítear*** cosc dramhaíola ***agus méadú ar ghlacadh le hamhábhair*** |

| | |
|---|---|
| | ***thánaisteacha***; |
| (5) cosc agus rialú ar thruailliú; | (5) cosc agus rialú ar thruailliú; |
| (6) éiceachórais shláintiúla a chosaint. | (6) ***bithéagsúlacht agus*** éiceachórais shláintiúla a chosaint***, agus athbhunú éiceachóras díghrádaithe***. |
| | ***1a. Déanfar na cuspóirí a leagtar amach sa chéad mhír a thomhas le táscairí comhchuibhithe, anailís saolré agus critéir eolaíocha, agus comhlíonfar iad agus é á áirithiú go bhfuil siad sách maith chun dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil atá ar na bacáin.*** |

**Leasuithe 42, 66 agus 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 6 | Airteagal 6 |
| Rannchuidiú mór le maolú ar an athrú aeráide | Rannchuidiú mór le maolú ar an athrú aeráide |
| 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le maolú ar an athrú aeráide i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le cobhsú na dtiúchan gás ceaptha teasa san atmaisféar ar leibhéal a chuireann cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach leis an gcóras aeráide trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint nó a laghdú nó trí fheabhas a chur ar bhaint gás ceaptha teasa trí aon cheann de na modhanna seo a leanas, lena n-áirítear trí nuálaíocht phróisis nó táirge: | 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le maolú ar an athrú aeráide i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le cobhsú na dtiúchan gás ceaptha teasa san atmaisféar ar leibhéal a chuireann cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach leis an gcóras aeráide trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint nó a laghdú nó trí fheabhas a chur ar bhaint gás ceaptha teasa trí aon cheann de na modhanna seo a leanas, lena n-áirítear trí nuálaíocht phróisis nó táirge: |
| (a) fuinneamh in-athnuaite ***nó fuinneamh a bheadh neodrach ó thaobh aeráide de a ghiniúint, a stóráil nó a úsáid (lena n-áirítear fuinneamh atá neodrach ó thaobh carbóin de),*** lena n-áirítear trí leas a bhaint as teicneolaíocht nuálach a bhféadfaí coigilteas suntasach a dhéanamh sa todhchaí dá barr nó trí atreisiú | (a) fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, a stóráil***, a dháileadh*** nó a úsáid ***i gcomhréir leis an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite***, lena n-áirítear trí leas a bhaint as teicneolaíocht nuálach a bhféadfaí coigilteas suntasach a dhéanamh sa todhchaí dá barr nó trí atreisiú riachtanach na greille; |

| | |
|---|---|
| riachtanach na greille; | |
| (b) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; | (b) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ***i ngach earnáil, seachas giniúint fuinnimh a úsáideann breoslaí iontaise soladacha, agus ag gach céim den slabhra fuinnimh, chun tomhaltas príomhúil fuinnimh agus tomhaltas deiridh fuinnimh a laghdú***; |
| (c) cur le soghluaisteacht ghlan nó soghluaisteacht atá neodrach ó thaobh aeráide de; | (c) cur le soghluaisteacht ghlan nó soghluaisteacht atá neodrach ó thaobh aeráide de; |
| (d) aistriú chuig úsáid a bhaint ***as*** ábhair in-athnuaite; | (d) aistriú chuig úsáid a bhaint as ábhair in-athnuaite ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó méadú a dhéanamh ar a n-úsáid, bunaithe ar mheasúnú iomlán saolré agus ionadú a dhéanamh ar ábhair atá go háirithe iontaise-bhunaithe, rud a chruthaíonn coigiltis astaíochtaí gás ceaptha teasa sa ghearrthéarma***; |
| (e) cur leis an ***úsáid*** a bhaintear as gabháil agus stóráil carbóin; | (e) cur leis ***an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí i dtaca le gabháil agus úsáid carbóin (CCU) agus*** gabháil agus stóráil carbóin ***(CCS) atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus a chruthaíonn glanlaghdú in astaíochtaí***; |
| (f) astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa a chéimniú amach, ***lena n-áirítear i gcás breoslaí iontaise;*** | (f) astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa a chéimniú amach; |
| | ***(fa) asbhaint CO2 ón atmaisféar a mhéadú agus é a stóráil in éiceachórais nádúrtha, mar shampla trí fhoraoisiú, athbhunú foraoisí agus talmhaíocht athghiniúnach;*** |
| (g) bonneagar fuinnimh a bhunú is gá chun dícharbónú a dhéanamh ar chórais fuinnimh; | (g) bonneagar fuinnimh a bhunú, a bhfuil gá leis chun go mbeifear in ann dícharbónú a dhéanamh ar chórais fuinnimh; |
| (h) breoslaí glana, éifeachtúla a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite nó ó fhoinsí atá neodrach ó thaobh carbóin de. | (h) breoslaí glana, éifeachtúla a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite nó ó fhoinsí atá neodrach ó thaobh carbóin de. |
| 2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: | 2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: |
| (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht | (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go |

| | |
|---|---|
| eacnamaíoch shonrach go mór le maolú ar an athrú aeráide; | rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le maolú ar an athrú aeráide. ***Áireofar ar na critéir scagtha theicniúla sin tairseacha i gcomhair gníomhaíochtaí maolaithe i gcomhréir leis an gcuspóir teorannú a dhéanamh ar théamh domhanda chuig leibhéal i bhfad faoi 2 C agus iarrachtaí a shaothrú i dtaca lena theorannú chuig 1.5 C thar leibhéil réamhthionsclaíocha, mar a leagtar síos i gComhaontú Pháras,*** |
| (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. | (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha ***bunaithe ar tháscairí*** bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. |
| 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. | 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** dá dtagraítear i mír 2 i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. |
| 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 31 Nollaig 2019, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020. | 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 31 Nollaig 2019, d’fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Rannchuidiú mór le hoiriúnú don athrú aeráide | Rannchuidiú mór le hoiriúnú don athrú aeráide |
| 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le hoiriúnú don athrú aeráide i gcás ina | 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le hoiriúnú don athrú aeráide i gcás ina |

rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le laghdú a dhéanamh ar éifeachtaí diúltacha na haeráide atá ann faoi láthair agus na haeráide a mheastar a bheidh ann sa todhchaí nó go gcuireann sí cosc ar mhéadú nó aistriú ar éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide, trí na modhanna seo a leanas:

(a) éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chosc nó a laghdú, ar éifeachtaí iad a bhaineann le suíomh nó comhthéacs sonrach, agus a ndéanfar iad a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta ag baint úsáid as réamh-mheastacháin aeráide atá ar fáil;

(b) cosc nó laghdú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an timpeallacht thógtha ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar éifeachtaí diúltacha iad a dhéanfar a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta ag baint úsáid as réamh-mheastacháin aeráide atá ar fáil.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun:

(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le hoiriúnú don athrú aeráide;

(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir

rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le laghdú a dhéanamh ar éifeachtaí diúltacha na haeráide atá ann faoi láthair agus na haeráide a mheastar a bheidh ann sa todhchaí nó go gcuireann sí cosc ar mhéadú nó aistriú ar éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide, trí na modhanna seo a leanas:

(a) éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chosc nó a laghdú, ar éifeachtaí iad a bhaineann le suíomh nó comhthéacs sonrach, agus a ndéanfar iad a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta ag baint úsáid as réamh-mheastacháin aeráide atá ar fáil;

(b) cosc nó laghdú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an timpeallacht thógtha ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar éifeachtaí diúltacha iad a dhéanfar a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta ag baint úsáid as réamh-mheastacháin aeráide atá ar fáil ***agus staidéir ar an tionchar daonna ar an athrú aeráide***.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun:

(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le hoiriúnú don athrú aeráide;

(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha ***bunaithe ar tháscairí*** bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir

| | |
|---|---|
| scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. | scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** dá dtagraítear i mír 2 le chéile i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. |
| 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 31 Nollaig 2019, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020. | 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 31 Nollaig 2019, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 8 | Airteagal 8 |
| Rannchuidiú mór le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Rannchuidiú mór le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint |
| 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus ***acmhainní*** mara agus iad a chosaint i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le dea-stádas uiscí, lena n-áirítear ***fionnuisce, uiscí idirchriosacha*** agus uiscí cósta, nó le dea-stádas comhshaoil uiscí mara, trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: | 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le húsáid inbhuanaithe a bhaint as ***dobharlaigh*** agus ***uiscí*** mara agus iad a chosaint i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le dea-stádas uiscí, lena n-áirítear uiscí ***dromchla intíre, inbhir*** agus uiscí cósta, nó le dea-stádas comhshaoil uiscí mara, ***i gcás ina ndéantar bearta leordhóthanacha leis an ngníomhaíocht sin chun éagsúlacht bhitheolaíoch, táirgiúlacht, athléimneacht, luach agus sláinte fhoriomlán éiceachóras mara a athbhunú, a chosaint nó a chothabháil, mar aon le slite beatha na bpobal atá ag brath orthu,*** trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: |
| (a) an comhshaol uisceach a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha de bharr scaoileadh fuíolluisce uirbigh agus thionsclaíoch trína áirithiú go ndéantar bailiú agus cóireáil leordhóthanach ar fhuíolluisce uirbeach agus tionsclaíoch i gcomhréir le | (a) an comhshaol uisceach a chosaint, lena n-áirítear ***uisce snámha (bruachánach agus sáile),*** ó iarmhairtí díobhálacha de bharr scaoileadh fuíolluisce uirbigh agus thionsclaíoch***, lena n-áirítear plaistigh,*** trína áirithiú go ndéantar bailiú |

hAirteagail 3, 4, 5 agus 11 de Threoir 91/271/CEE ón gComhairle[53];

agus cóireáil leordhóthanach ar fhuíolluisce uirbeach agus tionsclaíoch i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 11 de Threoir 91/271/CEE ón gComhairle[53] ***nó i gcomhréir leis an teicníc is fearr atá ar fáil a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE***,

***(aa) An comhshaol uisce a chosaint ó iarmhairtí díobhálacha de bharr astaíochtaí agus scaoileadh ar muir i gcomhréir le coinbhinsiúin bunaithe ar IMO amhail MARPOL, mar aon le coinbhinsiúin nach gcumhdaítear le MARPOL, amhail an Coinbhinsiún um Bainistíocht Uisce Ballasta agus Coinbhinsiúin na Mara Réigiúnacha;***

(b) sláinte an duine a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha aon éillithe ar uisce óil trína áirithiú go bhfuil sé saor ó aon mhiocrorgánaigh, paraisítí agus substaintí a d'fhéadfadh sláinte an duine a chur i mbaol, agus go gcomhlíonann sé na ceanglais íosta a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid A agus Cuid B, a ghabhann le Treoir 98/83/CE ón gComhairle[54], agus cur le rochtain saoránach ar uisce óil glan;

(b) sláinte an duine a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha aon éillithe ar uisce óil trína áirithiú go bhfuil sé saor ó aon mhiocrorgánaigh, paraisítí agus substaintí a d’fhéadfadh sláinte an duine a chur i mbaol, agus ***a fhíorú*** go gcomhlíonann sé na ceanglais íosta a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid A agus Cuid B, a ghabhann le Treoir 98/83/CE ón gComhairle[54], agus cur le rochtain saoránach ar uisce óil glan;

(c) uisce a asbhaint i gcomhréir le cuspóir an dea-stádais chainníochtúil mar a shainítear é i dtábla 2.1.2 in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE;

(c) uisce a asbhaint i gcomhréir le cuspóir an dea-stádais chainníochtúil mar a shainítear é i dtábla 2.1.2 in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE;

(d) éifeachtúlacht uisce a fheabhsú, athúsáid uisce a éascú, nó aon ghníomhaíocht eile lena gcosnaítear nó lena bhfeabhsaítear cáilíocht dhobharlaigh an Aontais i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE;

(d) ***bainistíocht agus*** éifeachtúlacht uisce a fheabhsú, athúsáid uisce a éascú, ***córais bainistithe uisce báistí,*** nó aon ghníomhaíocht eile lena gcosnaítear nó lena bhfeabhsaítear cáilíocht ***agus cainníocht*** dhobharlaigh ***an*** Aontais i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE;

(e) úsáid inbhuanaithe seirbhísí éiceachórais mhuirí a áirithiú nó cur le dea-stádas comhshaoil uiscí muirí, arna chinneadh ar bhonn na dtuairisceoirí cáilíochtúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/56/CE agus mar a shonraítear tuilleadh i gCinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún[55].

(e) úsáid inbhuanaithe seirbhísí éiceachórais mhuirí a áirithiú nó cur le dea-stádas comhshaoil uiscí muirí, arna chinneadh ar bhonn na dtuairisceoirí cáilíochtúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/56/CE agus mar a shonraítear tuilleadh i gCinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún[55].

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16

chun:

(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint;

(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.

4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2022, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

[53] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

[54] Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

[55] Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta maidir le dea-stádas comhshaoil uiscí mara agus sonraíochtaí agus modhanna caighdeánaithe le haghaidh faireacháin agus measúnú, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/477/AE (IO L 125,

chun:

(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint;

(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha ***bunaithe ar tháscairí*** bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.

4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2022, d’fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

[53] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

[54] Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

[55] Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta maidir le dea-stádas comhshaoil uiscí mara agus sonraíochtaí agus modhanna caighdeánaithe le haghaidh faireacháin agus measúnú, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/477/AE (IO L 125,

| | |
|---|---|
| 18.5.2017, lch. 43). | 18.5.2017, lch. 43). |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 9 | Airteagal 9 |
| Rannchuidiú mór leis an ngeilleagar ciorclach ***agus*** le cosc agus ***athchúrsáil*** ar dhramhaíl | Rannchuidiú mór leis an ngeilleagar ciorclach***, lena n-áirítear*** cosc dramhaíola agus ***méadú ar ghlacadh le hamhábhair thánaisteacha*** |
| 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ***agus*** le cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór leis an gcuspóir comhshaoil sin trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: | 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach***, lena n-áirítear*** cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl ***mar aon lena hathúsáid***, ***lena gcumhdaítear saolré iomlán táirge nó gníomhaíochta eacnamaíche ag céimeanna difriúla an táirgthe, tomhaltas agus críoch úsáide,*** i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór***, i gcomhréir le acquis an Aontais,*** leis an gcuspóir comhshaoil sin trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: |
| (a) feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil amhábhar i dtáirgeadh, lena n-áirítear trí laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bun-amhábhair agus cur leis an úsáid a bhaintear as seachtháirgí agus dramhaíl; | (a) feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil amhábhar ***agus acmhainní*** i dtáirgeadh, lena n-áirítear trí laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bun-amhábhair agus cur leis an úsáid a bhaintear as seachtháirgí agus ***amhábhair thánaisteacha, lena dtacaítear dá bhrí sin le hoibríochtaí dramhaíola***; |
| (b) cur le ***marthanacht táirgí agus leis an acmhainneacht iad a dheisiú, a uasghrádú nó a athúsáid***; | (b) ***táirgí a dhearadh, a mhonarú agus*** cur ***lena n-úsáid***, ***ar táirgí iad atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, marthanach (lena n-áirítear i dtéarmaí saolré agus easpa dífheidhmeacht ionsuite), indeisithe, athúsáidte agus in-uasghrádaithe***; |
| (c) cur lena mhéid is féidir táirgí a athchúrsáil, lena n-áirítear ábhair aonair atá | (c) ***deireadh a chur le dearadh táirgí dramhaíola agus*** cur lena mhéid is féidir |

| | |
|---|---|
| i dtáirgí, inter alia trí úsáid a bhaint as táirgí agus ábhair eile in ionad cinn nach féidir a athchúrsáil nó trí laghdú a dhéanamh ar úsáid táirgí agus ábhar nach féidir a athchúrsáil; | táirgí ***a athúsáid agus*** a athchúrsáil, lena n-áirítear ábhair aonair atá i dtáirgí, *inter alia* trí úsáid a bhaint as táirgí agus ábhair eile in ionad cinn nach féidir a athchúrsáil nó trí laghdú a dhéanamh ar úsáid táirgí agus ábhar nach féidir a athchúrsáil; |
| (d) laghdú a dhéanamh ar chion na substaintí guaiseacha in ábhair agus táirgí; | (d) laghdú a dhéanamh ar chion na substaintí guaiseacha ***agus ionadú a dhéanamh ar shubstaintí arb údar mór imní iad*** in ábhair agus táirgí***, i gcomhréir leis na ceanglais dlí chomhchuibhithe a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, go háirithe, leis na forálacha a leagtar síos le reachtaíocht AE lena n-áirithítear bainistiú sábháilte substaintí, ábhar agus táirgí agus dramhaíola***; |
| (e) síneadh ama a chur le húsáid táirgí, lena n-áirítear trí chur le hathúsáid, le hathmhonarú, le huasghrádú, le deisiú agus le comhroinnt táirgí arna ndéanamh ag tomhaltóirí; | (e) síneadh ama a chur le húsáid táirgí, lena n-áirítear trí chur le hathúsáid, le hathmhonarú, le huasghrádú, le deisiú agus le comhroinnt táirgí arna ndéanamh ag tomhaltóirí; |
| (f) cur leis an úsáid a bhaintear as amhábhair thánaisteacha agus lena gcáilíocht, lena n-áirítear trí athchúrsáil ardchaighdeán dramhaíola; | (f) cur leis an úsáid a bhaintear as amhábhair thánaisteacha agus lena gcáilíocht, lena n-áirítear trí athchúrsáil dramhaíola ar ardchaighdeán; |
| (g) giniúint dramhaíola a laghdú; | (g) giniúint dramhaíola a laghdú, ***lena n-áirítear giniúint dramhaíola i bpróisis a bhaineann le táirgeadh tionsclaíoch, eastóscadh mianraí, monarú, tógáil agus scartáil***; |
| (h) cur leis an ullmhúchán le haghaidh athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola; | (h) cur leis an ullmhúchán le haghaidh athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola ***i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola***; |
| | ***(ha) forbairt bonneagair bainistithe dramhaíola a mhéadú, a bhfuil gá leis do chosc, athúsáid agus athchúrsáil;*** |
| (i) loscadh agus diúscairt dramhaíola a sheachaint; | (i) loscadh***,*** diúscairt dramhaíola ***agus líonadh talún*** a sheachaint, ***i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola***; |
| (j) bruscar agus truailliú eile de bharr bainistiú dramhaíola míchuí a sheachaint agus a ghlanadh; | (j) bruscar agus truailliú eile de bharr bainistiú dramhaíola míchuí***, lena n-áirítear cosc agus laghdú ar bhruscar muirí*** a sheachaint, ***a laghdú*** agus a ghlanadh; |
| | ***(ja) an méid dramhaíola bia a ghintear i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***monarú, i miondíol agus dáileadh eile bia, i mbialanna agus seirbhísí bia agus freisin i dteaghlaigh a laghdú;*** |
| (k) úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní fuinnimh nádúrtha. | (k) úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní fuinnimh nádúrtha***, amhábhair, uisce agus talamh;*** |
| | ***(ka) bithgheilleagar a chothú trí úsáid inbhuanaithe foinsí inathnuaite chun ábhair agus tráchtearraí a tháirgeadh.*** |
| 2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: | 2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: |
| (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór leis an ngeilleagar ciorclach agus le cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl; | (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla***, bunaithe ar tháscairí an Choimisiúin i dtaca leis an ngeilleagar ciorclach,*** a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór leis an ngeilleagar ciorclach agus le cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl***,*** |
| (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. | (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla***, bunaithe ar tháscairí an Choimisiúin i dtaca leis an ngeilleagar ciorclach***, a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. |
| 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. | 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí an Choimisiúin i dtaca leis an ngeilleagar ciorclach*** dá dtagraítear i mír 2 le chéile i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. |
| 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2021. | 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2021. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 10 | Airteagal 10 |
| Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú | Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú |
| 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le cosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin ***le hardleibhéal*** cosanta don chomhshaol ó thruailliú trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: | 1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le cosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin ***go mór*** le hardleibhéal cosanta don chomhshaol ó thruailliú trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: |
| (a) laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán aeir, uisce agus ithreach seachas gáis ceaptha teasa; | (a) laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí truailleán aeir, uisce agus ithreach seachas gáis ceaptha teasa; |
| (b) leibhéil cháilíochta aeir, uisce nó ithreach a fheabhsú sna limistéir ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus íoslaghdú a dhéanamh ar an drochthionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus ar an mbaol ina leith; | (b) leibhéil cáilíochta aeir, uisce nó ithreach a fheabhsú sna limistéir ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus íoslaghdú a dhéanamh ar an drochthionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus ar an mbaol ina leith; |
| (c) íoslaghdú a dhéanamh ar éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol de bharr táirgeadh agus úsáid ceimiceán. | (c) íoslaghdú a dhéanamh ar éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol de bharr táirgeadh agus úsáid ceimiceán. |
| 2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: | 2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: |
| (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad sin faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le cosc agus rialú ar thruailliú; | (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad sin faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le cosc agus rialú ar thruailliú; |
| (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht | (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, |

| | |
|---|---|
| eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. | go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. |
| 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. | 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. |
| 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2021. | 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2021. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 11 | Airteagal 11 |
| Rannchuidiú mór le héiceachórais shláintiúla a chosaint | Rannchuidiú mór le ***bithéagsúlacht agus*** éiceachórais shláintiúla a chosaint***, nó le hathbhunú éiceachóras díghrádaithe*** |
| 1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le héiceachórais shláintiúla i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le cosaint, caomhnú agus feabhsú seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais i gcomhréir leis na hionstraimí reachtacha agus neamhreachtacha ábhartha de chuid an Aontais, trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: | 1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le ***bithéagsúlacht agus le*** héiceachórais shláintiúla ***nó le hathbhunú éiceachóras díghrádaithe*** i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le cosaint, caomhnú agus feabhsú seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais ***nó lena n-athbhunú*** i gcomhréir leis na hionstraimí reachtacha agus neamhreachtacha ábhartha de chuid an Aontais, trí aon cheann de na modhanna seo a leanas: |
| (a) caomhnú an dúlra ***(***gnáthóga***,*** speicis***);*** éiceachórais a ***chosaint, a aisiriú agus an bhail atá orthu a fheabhsú***, agus a gcumas i dtaobh seirbhísí a sholáthar a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú; | (a) ***bearta caomhnaithe dúlra chun gnáthóga nádúrtha agus*** speicis ***fauna agus flora fiáine a chothabháil nó a athbhunú ag dea-stádas caomhnaithe chun pobail leordhóthanacha a bhaint*** |

| | |
|---|---|
| | ***amach de speicis a tharlaíonn go nádúrtha, agus bearta chun*** bail na n-éiceachóras agus a gcumas i dtaobh seirbhísí a sholáthar ***a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú***; |
| (b) bainistiú talún inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint leordhóthanach ar bhithéagsúlacht ithreach; neodracht i dtaobh díghrádú talún; agus láithreáin éillithe a fheabhsú; | (b) bainistiú talún inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint leordhóthanach ar bhithéagsúlacht ithreach; neodracht i dtaobh díghrádú talún; agus láithreáin éillithe a fheabhsú; |
| (c) cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear iad siúd a rannchuidíonn le dífhoraoisiú agus caillteanas gnáthóige a stopadh nó a chosc; | (c) cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear iad siúd a rannchuidíonn le dífhoraoisiú agus caillteanas gnáthóige a stopadh nó a chosc; |
| (d) bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí. | (d) bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí***, agus Rialachán Adhmaid AE, Rialachán LULUCF AE, an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED) agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta á gcur san áireamh, ar bainistiú é atá i gcomhréir leo sin agus leis na conclúidí ó Chomhdháil na nAirí maidir le Cosaint na bhForaoisí san Eoraip (MCPFE)***. |
| 2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: | 2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun: |
| (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le héiceachórais shláintiúla a chosaint; | (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le ***bithéagsúlacht agus le*** héiceachórais shláintiúla a chosaint ***nó le héiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú.*** |
| (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. | (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla ***bunaithe ar tháscairí*** a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha ***bunaithe ar tháscairí*** bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin. |
| 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le | 3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 le |

| | |
|---|---|
| chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. | chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige. |
| 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2022, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022. | 4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2022, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022. |

**Leasuithe 48 agus 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 12 | Airteagal 12 |
| Dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil | Dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil |
| Chun críocha Airteagal 3(b), measfar go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach: | ***1.*** Chun críocha Airteagal 3(b), ***agus a saolré iomlán á cur san áireamh,*** measfar go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach: |
| (a) do mhaolú ar an athrú aeráide, i gcás ina mbíonn an ghníomhaíocht sin ina cúis le méid suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa; | (a) do mhaolú ar an athrú aeráide, i gcás ina mbíonn an ghníomhaíocht sin ina cúis le méid suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa; |
| (b) d'oiriúnú don athrú aeráide, i gcás ina gcuirtear leis an éifeacht dhiúltach ar an aeráid atá ann faoi láthair, agus an aeráid a mheastar a bheidh ann, de bharr na gníomhaíochta sin, i gcás na timpeallachta nádúrtha agus na timpeallachta tógtha ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht sin agus níos faide i gcéin; | (b) d'oiriúnú don athrú aeráide, i gcás ina gcuirtear leis an éifeacht dhiúltach ar an aeráid atá ann faoi láthair, agus an aeráid a mheastar a bheidh ann, de bharr na gníomhaíochta sin, i gcás na timpeallachta nádúrtha agus na timpeallachta tógtha ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht sin agus níos faide i gcéin; |
| (c) d'úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní mara, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin díobháil shuntasach do dhea-stádas uiscí an Aontais, lena n-áirítear fionnuisce, uiscí idirchriosacha agus uiscí cósta, nó do dhea-stádas comhshaoil uiscí mara de chuid an Aontais; | (c) d'úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní mara, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin díobháil shuntasach do dhea-stádas uiscí an Aontais, lena n-áirítear fionnuisce, uiscí idirchriosacha agus uiscí cósta, nó do dhea-stádas comhshaoil uiscí mara de chuid an Aontais, ***i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE agus Treoir 2008/56/CE lena mbunaítear creat i gcomhair gníomh ag an gComhphobal sa réimse a bhaineann le*** |

| | |
|---|---|
| | ***beartas uisce***; |
| (d) don gheilleagar ciorclach agus do chosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, i gcás ina mbíonn neamhéifeachtúlachtaí suntasacha i gceist maidir le húsáid ábhar ***i gcéim amháin nó níos mó*** de shaolré táirgí de bharr na gníomhaíochta sin***,*** lena n-áirítear i dtéarmaí marthanacht táirgí agus i dtaca leis an acmhainneacht iad a dheisiú, a uasghrádú, a athúsáid nó a athchúrsáil; nó i gcás ina dtagann méadú suntasach ar ghiniúint, ar loscadh nó ar dhiúscairt dramhaíola de bharr na gníomhaíochta sin; | (d) don gheilleagar ciorclach agus do chosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, i gcás ina mbíonn neamhéifeachtúlachtaí suntasacha i gceist maidir le húsáid ábhar ***agus acmhainní, amhail fuinneamh neamh-inathnuaite, amhábhair, uisce agus talamh, go díreach nó go hindíreach i gcéimeanna difriúla*** de shaolré táirgí***, lena n-áirítear neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le gnéithe arna ndearadh chun saolré na dtáirgí a shrianadh,*** de bharr na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear i dtéarmaí marthanacht táirgí agus i dtaca leis an acmhainneacht iad a dheisiú, a uasghrádú, a athúsáid nó a athchúrsáil; nó i gcás ina dtagann méadú suntasach ar ghiniúint, ar loscadh nó ar dhiúscairt dramhaíola de bharr na gníomhaíochta sin. |
| (e) do chosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina dtagann méadú suntasach ar astaíochtaí truailleán san aer, san uisce agus sa talamh de bharr na gníomhaíochta sin, i gcomparáid leis an gcás sular cuireadh tús leis an ngníomhaíocht sin; | (e) do chosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina dtagann méadú suntasach ar astaíochtaí truailleán san aer, san uisce agus sa talamh de bharr na gníomhaíochta sin, i gcomparáid leis an gcás sular cuireadh tús leis an ngníomhaíocht sin; |
| (f) d'éiceachórais shláintiúla, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin díobháil shuntasach do dhea-bhail éiceachóras. | (f) d’éiceachórais shláintiúla, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin díobháil shuntasach do dhea-bhail ***agus d’athléimneacht*** éiceachóras***, lena n-áirítear bithéagsúlacht agus úsáid talún***. |
| | ***1a. Agus measúnú á dhéanamh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i gcomparáid le critéir (a) go (f), tabharfar aird ar na tionchair ar an gcomhshaol a bheidh ag an ngníomhaíocht féin, mar aon leis an tionchar a bheidh ag na táirgí agus na seirbhísí arna soláthar ag an ngníomhaíocht sin feadh a saolré iomlán agus, más gá, ar fud an tslabhra luacha.*** |

**Leasuithe 49, 70, 72 agus 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 13 | Airteagal 13 |
| Coimircí íosta | Coimircí íosta |
| Is éard a bheidh sna coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c) nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige lena áirithiú go gcloífear leis na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair***, eadhon: maidir leis an gceart gan bheith faoi réir saothar éignithe, le saoirse comhlachais, le ceart oibrithe i dtaobh eagrúcháin, leis an gceart chun cómhargála, le luach saothair comhionann d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna ar obair a mbaineann luach comhionann léi, le neamh-idirdhealú maidir le deiseanna agus cóir i dtaobh fostaíochta agus slí bheatha, chomh maith le ceart leanaí gan bheith faoi réir saothar leanaí, déantar iad a urramú***. | Is éard a bheidh sna coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c) nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige lena áirithiú go gcloífear ***le treoirlínte ECFE maidir le fiontair ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear*** leis na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair ***agus sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine***. |
| | ***Faoin 31 Nollaig 2021, seolfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar na hiarmhairtí a ghabhfadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo chun go n-áireofaí comhlíonadh íoschoimircí eile ar gá don ghnóthas atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch cloí leo chun a shuí go bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ar a iomchuí a bheadh an t-athbhreithniú sin.*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh trí chritéir a shonrú ar mhaithe lena chinneadh an bhfuiltear ag cloí le ceanglais an Airteagail seo. Nuair a bheidh an gníomh tarmligthe dá dtagraítear san Airteagal seo á tharraingt suas, breithneoidh an Coimisiún na prionsabail a liostaítear i mír 1 agus mír 2. Déanfaidh an*** |

***Coimisiún an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2020.***

**Leasuithe 50, 73, 74, 75 agus 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 14 | Airteagal 14 |
| Ceanglais maidir le critéir scagtha theicniúla | Ceanglais maidir le critéir scagtha theicniúla |
| 1. Maidir leis na critéir scagtha theicniúla arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2): | 1. Maidir leis na critéir scagtha theicniúla arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2): |
| | ***(-a) beidh siad bunaithe ar tháscairí comhchuibhithe lena dtomhaistear an tionchar ar an gcomhshaol ag baint úsáid as measúnú saolré comhchuibhithe;*** |
| (a) sainaithneofar leo an rannchuidiú féideartha is ábhartha leis an gcuspóir comhshaoil áirithe, agus iad á meas, ní hamháin ar bhonn tionchar gearrthéarmach, ach ar bhonn tionchar fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche áirithe freisin; | (a) sainaithneofar leo an rannchuidiú féideartha is ábhartha leis an gcuspóir comhshaoil áirithe, agus iad á meas, ní hamháin ar bhonn tionchar gearrthéarmach, ach ar bhonn tionchar fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche áirithe freisin, |
| (b) sonrófar iontu na ceanglais íosta nach mór a chomhlíonadh chun dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil ábhartha a sheachaint; | (b) sonrófar iontu na ceanglais íosta nach mór a chomhlíonadh chun dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil ábhartha a sheachaint; |
| (c) beidh siad cáilíochtúil nó cainníochtúil, nó iad araon, agus beidh tairseacha san áireamh iontu i gcás inar féidir; | (c) beidh siad cáilíochtúil nó cainníochtúil, nó iad araon, agus beidh tairseacha san áireamh iontu i gcás inar féidir; |
| (d) i gcás inarb iomchuí, beidh siad bunaithe ar scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin de chuid an Aontais, ar mhodheolaíochtaí de chuid an Aontais chun lorg comhshaoil a mheas, agus ar chórais aicmithe staidrimh de chuid an Aontais, agus cuirfear san áireamh iontu aon reachtaíocht ábhartha de chuid an | (d) i gcás inarb iomchuí, beidh siad bunaithe ar scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin de chuid an Aontais, ar mhodheolaíochtaí de chuid an Aontais chun lorg comhshaoil a mheas, agus ar chórais aicmithe staidrimh de chuid an Aontais, agus cuirfear san áireamh iontu aon reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais atá ann cheana; ***agus inniúlacht*** |

| | |
|---|---|
| Aontais atá ann cheana; | ***na mBallstát á haithint;*** |
| (e) beidh siad bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch agus ***cuirfear san áireamh leo, i gcás inarb ábhartha,*** prionsabal an réamhchúraim a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE; | (e) beidh siad bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch agus ***cloífidh siad le*** prionsabal an réamhchúraim a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE; |
| (f) cuirfear san áireamh leo tionchar na gníomhaíochta eacnamaíche féin ar an gcomhshaol, chomh maith leis an tionchar ar an gcomhshaol atá ag na táirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear de bharr na gníomhaíochta eacnamaíche sin, ***go háirithe*** trína dtáirgeadh, trína n-úsáid agus trí dheireadh a ré a bhreithniú; | (f) cuirfear san áireamh leo tionchair na gníomhaíochta eacnamaíche féin ar an gcomhshaol, chomh maith leis na tionchair ar an gcomhshaol atá ag na táirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear de bharr na gníomhaíochta eacnamaíche sin ***feadh a saolré iomlán agus, más gá, ar fud an tslabhra luacha***, trína dtáirgeadh ***ó phróiseáil amhábhar chuig an táirgeadh deiridh,*** trína n-úsáid**,** trí dheireadh a ré agus ***trína n-athchúrsáil*** a bhreithniú; |
| | ***(fa) cuirfear san áireamh leo an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht, bunaithe ar Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030;*** |
| (g) cuirfear san áireamh leo cineál agus scála na gníomhaíochta eacnamaíche; | (g) cuirfear san áireamh leo cineál agus scála na gníomhaíochta eacnamaíche, ***agus cuirfear san áireamh, má tá gníomhaíocht ag aistriú chuig cumraíocht agus/nó oibríocht inbhuanaithe, trí thionscadail taighde agus nuálaíochta, amlínte agus conairí an aistrithe sin***; |
| (h) cuirfear san áireamh leo ***an tionchar féideartha ar leachtacht sa mhargadh,*** an baol go bhféadfaí sócmhainní áirithe a thréigean mar thoradh ar luach a chailleadh mar gheall ar an aistriú chuig geilleagar atá níos inbhuanaithe, chomh maith leis an mbaol go gcruthófaí dreasachtaí neamhréireacha; | (h) cuirfear san áireamh leo an baol go bhféadfaí sócmhainní áirithe a thréigean mar thoradh ar luach a chailleadh mar gheall ar an aistriú chuig geilleagar atá níos inbhuanaithe, chomh maith leis an mbaol go gcruthófaí dreasachtaí neamhréireacha; |
| | ***(ha) beidh sé éasca iad a chur i bhfeidhm agus seachnófar ualach riaracháin nach gá leo ó thaobh an chomhlíonta de;*** |
| (i) cumhdófar leo gach gníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha laistigh d'earnáil ***shonrach*** agus áiritheofar go gcaithfear go cothrom leis na gníomhaíochtaí sin má rannchuidíonn siad go cothrom le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil, chun saobhadh iomaíochta sa | (i) cumhdófar leo gach gníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha laistigh ***de mhacrai-earnáil eacnamaíoch*** shonrach agus áiritheofar go gcaithfear go cothrom leis na gníomhaíochtaí sin ***i dtéarmaí a rioscaí inbhuanaitheachta*** má rannchuidíonn siad go cothrom le ceann amháin nó níos mó de |

| | |
|---|---|
| mhargadh a sheachaint; | na cuspóirí comhshaoil, ***agus mura ndéanann siad díobháil mhór d'aon cheann den na cuspóirí comhshaoil eile faoi Airteagal 3 agus Airteagal 12***, chun saobhadh iomaíochta sa mhargadh a sheachaint; |
| (j) leagfar síos iad chun fíorú chomhlíonadh na gcritéar sin a éascú nuair is féidir é. | (j) leagfar síos iad chun fíorú chomhlíonadh na gcritéar sin a éascú nuair is féidir é. |
| 2. Áireofar leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 freisin critéir i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glan, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, a mhéid a rannchuidíonn siad siúd go mór le haon cheann de na cuspóirí comhshaoil. | 2. Áireofar leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 freisin critéir ***bunaithe ar tháscairí*** i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glan ***i dtreo neodracht astaíochtaí gás ceaptha teasa***, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, a mhéid a rannchuidíonn siad siúd go mór le haon cheann de na cuspóirí comhshaoil. |
| | ***2a. Áiritheoidh na critéir scagtha theicniúil nach ndéanfar gníomhaíochtaí ginte cumhachta a úsáideann breoslaí iontaise soladacha a mheas mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.*** |
| | ***2b. Áiritheoidh na critéir scagtha theicniúil nach ndéanfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn le héifeachtaí dian-inghlasála carbóin a mheas mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe de réir an chomhshaoil.*** |
| | ***2c. Áiritheoidh na critéir scagtha theicniúil nach ndéanfar gníomhaíochtaí ginte cumhachta a tháirgeann dramhaíl neamh-inathnuaite a mheas mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe de réir an chomhshaoil.*** |
| 3. Áireofar freisin leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 critéir i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig soghluaisteacht ghlan nó soghluaisteacht atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear trí athrú modha, bearta éifeachtúlachta agus breoslaí malartacha, a mhéid a rannchuidíonn siad siúd go mór le haon cheann de na cuspóirí | 3. Áireofar freisin leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 critéir i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig soghluaisteacht ghlan nó soghluaisteacht atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear trí athrú modha, bearta éifeachtúlachta agus breoslaí malartacha, a mhéid a rannchuidíonn siad siúd go mór le haon cheann de na cuspóirí |

| | |
|---|---|
| comhshaoil. | comhshaoil. |
| | ***3a. Más cosúil go bhfuil an chuid is mó de na gnóthais a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach ag gabháil do chonair i dtreo gníomhaíocht a aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta, féadfar é sin a chur san áireamh sna critéir scagtha. Féadfar conair den sórt sin a léiriú trí thaighde leanúnach agus iarrachtaí forbartha, mórthionscadail infheistíochta i dteicneolaíochtaí nua níos inbhuanaithe, nó i bpleananna nithiúla maidir le haistriú i gcéimeanna luatha, ar a laghad, den chur chun feidhme.*** |
| 4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar na critéir scagtha dá dtagraítear i mír 1 agus, más iomchuí, leasóidh sé na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcomhréir le forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta. | 4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar na critéir scagtha dá dtagraítear i mír 1 agus, más iomchuí, leasóidh sé na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcomhréir le forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 15 | Airteagal 15 |
| Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe | Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe |
| 1. Bunóidh an Coimisiún Ardán maidir le maoiniú inbhuanaithe ar a mbeidh: | 1. Bunóidh an Coimisiún Ardán maidir le maoiniú inbhuanaithe ***a n-áiritheoidh a chomhdhéanamh cothromaíocht, raon leathan barúlacha agus comhionannas inscne***. ***Beidh sé comhdhéanta, ar bhealach cothrom, d'ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas***: |
| (a) ionadaithe de chuid na n-eagraíochtaí seo a leanas: | (a) ionadaithe ***uathu seo a leanas:*** |
| (i) an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil; | (i) an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil; |
| (ii) na hÚdaráis Mhaoirseachta | (ii) na hÚdaráis Mhaoirseachta |

| | |
|---|---|
| Eorpacha; | Eorpacha; |
| (iii) an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta; | (iii) an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta; |
| | ***(iiia) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha;*** |
| | ***(iiib) an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG);*** |
| (b) saineolaithe a bheidh ionadaíoch do pháirtithe leasmhara príobháideacha ábhartha; | (b) Saineolaithe a bheidh ionadaíoch do ***gheallsealbhóirí príobháideacha, lena n-áirítear gníomhaithe margaidh airgeadais neamh-airgeadais agus earnálacha gnó, a bheidh ionadaíoch do thionscail ábhartha,*** |
| | ***(ba) saineolaithe a bheidh ionadaíoch don tsochaí shibhialta, agus a mbeidh saineolas acu i réimse na saincheisteanna comhshaoil, sóisialta, saothair agus rialachais.*** |
| (c) saineolaithe ***arna gceapadh i gcáil phearsanta, a bhfuil eolas agus taithí chruthaithe acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.*** | (c) saineolaithe ***a bheidh ionadaíoch do shaol an léinn, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí taighde agus meithleacha machnaimh, agus le saineolas domhanda***; |
| | ***1a. Ceapfar saineolaithe dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) i gcomhréir le hAirteagal 237 den Rialachán Airgeadais, agus beidh eolas cruthaithe agus taithí chruthaithe acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe i dtaca le hinbhuanaitheacht san earnáil airgeadais***. |
| | ***1b. Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go cuí ar bhonn tráthúil maidir leis an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh saineolaithe don Ardán.*** |
| 2. Déanfaidh an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe an méid seo a leanas: | 2. Déanfaidh an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe an méid seo a leanas: |
| | ***(-a) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis na táscairí comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(-a) a bhunú, agus maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann nuashonrú a dhéanamh orthu; agus an méid sin á dhéanamh aige, bainfidh sé*** |

| | |
|---|---|
| | ***leas as obair eintitis agus thionscnaimh ábhartha an Aontais, go sonrach an Creat um Fhaireachán ar an nGeilleagar Ciorclach.*** |
| (a) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 14, agus maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta; | (a) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 14, agus maidir leis an ngá a d’fhéadfadh a bheith ann na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta; |
| (b) déanfaidh sé anailís ar thionchar na gcritéar scagtha teicniúil i dtéarmaí na gcostas agus na sochar féideartha a bhaineann lena gcur i bhfeidhm; | (b) déanfaidh sé anailís ar thionchar na gcritéar scagtha teicniúil ***bunaithe ar shonraí agus ar thaighde eolaíoch nuair a bheidh fáil orthu*** i dtéarmaí na gcostas agus na sochar féideartha a bhaineann lena gcur i bhfeidhm; |
| (c) cuideoidh sé leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar iarratais ó pháirtithe leasmhara ar chritéir scagtha theicniúla a fhorbairt nó a athbhreithniú i leith gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe; | (c) cuideoidh sé leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar iarrataí ó gheallsealbhóirí ar chritéir scagtha theicniúla a fhorbairt nó a athbhreithniú i leith gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe***, bunaithe ar shonraí agus ar thaighde eolaíoch nuair a bheidh an méid sin ar fáil***; ***déanfar conclúidí na hanailísí sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin go tráthúil;*** |
| (d) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil i leith úsáidí breise a bhféadfaí a bhaint astu amach seo; | (d) ***arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Pharlaimint na hEorpa,*** cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún ***nó ar Pharlaimint na hEorpa*** maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil i leith úsáidí breise a bhféadfaí a bhaint astu amach seo; |
| | ***(da) i gcomhar le EFRAG, cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le caighdeáin cuntasaíochta inbhuanaitheachta agus caighdeáin tuairiscithe chomhtháthaithe a fhorbairt i gcomhair corparáidí agus rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais, lena n-áirítear trí athbhreithiú a dhéanamh ar Threoir 2013/34/AE;*** |
| (e) déanfaidh sé faireachán ar shreafaí caipitil i dtreo infheistíocht inbhuanaithe agus tuairisceoidh sé go rialta don Choimisiún ina leith; | (e) déanfaidh sé faireachán ***ar threochtaí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát a bhaineann le sreafaí*** caipitil ***ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil drochthionchar acu ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil*** i dtreo infheistíocht |

| | |
|---|---|
| | inbhuanaithe ***bunaithe ar shonraí agus ar thaighde eolaíoch nuair a bheidh fáil orthu,*** agus tuairisceoidh sé go rialta don Choimisiún i leith na dtreochtaí sin; |
| (f) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an Rialachán seo a leasú**.** | (f) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis an ngá a d’fhéadfadh a bheith ann an Rialachán seo a leasú***, go háirithe i dtaca le hábharthacht agus cáilíocht sonraí, agus bealaí chun an t-ualach riaracháin a laghdú;*** |
| | ***(fa) rannchuideoidh sé le meastóireacht agus forbairt ar rialacháin agus ar bheartais airgeadais inbhuanaithe, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le comhtháthú beartais;*** |
| | ***(fb) cuideoidh sé leis an gCoimisiún i sainiú cuspóirí sóisialta féideartha.*** |
| | ***2a. Déanfaidh an tArdán breithniú cuí ar shonraí iomchuí agus ar thaighde eolaíoch ábhartha agus na cúraimí sin á gcomhall aige. Féadfaidh sé comhairliúcháin phoiblí a sheoladh chun barúlacha na ngeallsealbhóirí a fháil maidir le hábhair shonracha faoina shainordú.*** |
| 3. Beidh an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe faoi chathaoirleacht an Choimisiúin. | 3. Beidh an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe faoi chathaoirleacht an Choimisiúin ***agus bunófar é i gcomhréir le rialacha cothrománacha an Choimisiúin le haghaidh grúpaí saineolaithe. Foilseoidh an Coimisiún anailísí, plé, tuarascálacha agus miontuairiscí an Ardáin ar a shuíomh gréasáin.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 16 | Airteagal 16 |
| An tarmligean a fheidhmiú | An tarmligean a fheidhmiú |

| | |
|---|---|
| 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. | 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. |
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(3), 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [Dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(3), 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [Dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i mír 2 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i mír 2 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. |
| 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. ***Mar chuid d'ullmhú na ngníomhartha tarmligthe, déanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí mar aon le measúnuithe ar na roghanna beartais atá molta.*** |
| 5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi. | 5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi. |
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(3), 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(3), 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 11(2)***, 12(2) agus 13(3)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul |

| | |
|---|---|
| éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasuithe 53 agus 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 17 | Airteagal 17 |
| Clásal athbhreithnithe | Clásal athbhreithnithe |
| 1. Faoin 31 Nollaig 2021 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas: | 1. Faoin 31 Nollaig 2021**,** agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm ***agus tionchar*** an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas: |
| (a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le forbairt na gcritéar scagtha teicniúil i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; | (a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le forbairt na gcritéar scagtha teicniúil ***bunaithe ar tháscairí*** i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; |
| (b) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; | (b) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir ***agus liosta na dtáscairí*** a leagtar amach sa Rialachán seo i dtaobh gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***chun nuálaíocht agus an t-aistriú inbhuanaithe a éascú***; |
| (c) a iomchuí atá sé cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta; | (c) a iomchuí atá sé cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta; |
| (d) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i ndlí an Aontais, agus | (d) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***agus ar infheistíochtaí*** |

ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra fíoraithe a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach sa Rialachán seo.

***a bhfuil drochthionchar acu ar an gcomhshaol*** i ndlí an Aontais, agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra fíoraithe ***breise a athbhreithniú nó*** a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar ***atá bunaithe ar tháscairí*** a leagtar amach sa Rialachán seo***;***

***(da) éifeachtacht na tacsanomaíochta i dtaca le hinfheistíochtaí príobháideacha a chur i dtreo gníomhaíochtaí inbhuanaithe.***

***1a. Faoin 31 Nollaig 2021, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme an Rialacháin seo má chruthaíonn sé ualach riaracháin iomarcach nó mura bhfuil fáil leormhaith ar na sonraí is gá do rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais.***

2. Cuirfear an ***tuarascáil*** chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí a ghabhann leis nuair is iomchuí.

2. Cuirfear ***na tuarascálacha*** chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí ***reachtacha*** a ghabhann leo i gcás inarb iomchuí.